Oifig An Chigire Príosún
Office of the Inspector of Prisons

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2025

31 Márta 2026

Clár Ábhar

1. Brollach ón bPríomhchigire 4
2. Réamhrá 7
Feidhmeanna Oifig an Chigire Príosún 7
An Fhoireann, Ár Misean, Ár Luachanna agus Ár bhFís 8
Misean, Fís agus Luachanna 12
Spriocanna Straitéiseacha 12
3. Sásra Náisiúnta Coisctheach Ceartais Choiriúil a fhorbairt in Éirinn 13
Caidreamh idir na Sásraí Náisiúnta Coisctheacha ar an Leibhéal Náisiúnta 13
Caidreamh leis an nGarda Síochána 13
Caidreamh idir na Sásraí Náisiúnta Coisctheacha ar an Leibhéal Réigiúnach trí Fhóram Eorpach na Sásraí Náisiúnta Coisctheacha 13
Tionscadal “Tacaíocht Theicniúil le haghaidh Sásraí Náisiúnta Coisctheacha níos éifeachtaí agus níos athléimní”, arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach agus ag Comhairle na hEorpa. 14
4. Gníomhaíochtaí – Cigireachtaí agus Imscrúduithe 18
Cigireachtaí 18
Imscrúduithe 30
5. Gearáin 37
6. Litreacha ó Phríosúnaigh (Riail 44) 47
7. Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí 50
8. Faisnéis Chorparáideach 56
Iniúchóireacht 56
Nithe airgeadais 56
Nochtadh Cosanta 56
An Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine 56
Saoráil Faisnéise/An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 58
Ionracas san Áit Oibre 58
Oiliúint 58
9. AGUISÍNÍ 59
Aguisín 1: Rialachas 59
Aguisín 2: Fógra Reachtúil Imní 64

1. Brollach ón bPríomhchigire

Saintréith den bhliain 2025 ba ea go raibh na dálaí ag dul in olcas i bpríosúin na hÉireann, rud ba chúis le hábhair imní náisiúnta agus idirnáisiúnta

Bíonn an daonra i bpríosúin na hÉireann ag druidim níos gaire fós le 6,000 duine, rud is cloch mhíle ghruama, cé nach bhfuil ach 4,736 leaba ann. Agus an méid seo á scríobh agam, tá 5,909 nduine faoi choimeád príosúin, agus níl aon leaba amháin, fiú, á soláthar do bhreis agus 10% díobh. Is údar náire náisiúnta é go bhfuil ar 599 nduine codladh ar thochtanna ar an urlár i gcillíní plódaithe in aice le leithris nach bhfuil scartha ón gcuid eile den chillín.

Scríobh mé agus labhair mé faoi sciúirse an phlódaithe go minic ó chuaigh mé i mbun ról an Phríomhchigire Príosún sa bhliain 2022. Bhí deis agam freisin an tsaincheist a tharraingt anuas i gcruinnithe duine le duine le gach polaiteoir ag a raibh an post mar Aire Dlí agus Cirt sna trí bliana atá imithe thart. Mar sin féin, níor thug aon Aire go fóill faoin dúshlán atá i gceist leis an ngéarchéim atá ag cur isteach ar an gcóras príosún a réiteach leis an méid riachtanach gníomhaíochta polaitiúla ceannasaí.

Dá bhrí sin, ba mhaith an rud é, i dtreo dheireadh na bliana 2025, go ndearna an Coiste Eorpach chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc (CPT) de chuid Chomhairle na hEorpa mo ghuth a mhéadú. I mbeart neamhghnách, rud a léirigh tromchúis a ábhar imní, thug CPT cuairt fillte ar Éirinn ceithre mhí tar éis tuarascáil rícháinteach a fhoilsiú ar a chuairt ar an tír sa bhliain 2024. Ag labhairt dó i mBaile Átha Cliath ag ócáid a d'eagraigh an Chigireacht agus Comhairle na hEorpa i gcomhpháirt, chuir Rúnaí Feidhmiúcháin CPT an tuairim in iúl go bhféadfadh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine a chinneadh go héasca go bhfuil Éire ag sárú Airteagal 3 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine mar gheall ar na dálaí mídhaonna agus táireacha inár bpríosúin. Ní féidir liom ach aontú leis sin.

Leanadh dár gclár um chigireachtaí rialta príosúin sa bhliain 2025 le cigireacht leantach ar Phríosún Mhuinseo agus le cigireachtaí neamhfhógartha iomlána ar Phríosún an Chaisleáin Riabhaigh agus ar Phríosún Chruithneachtáin. Mar is gnách, fuair ár bhfoireann comhar den scoth ó bhaill foirne na bpríosún, lenar áiríodh rochtain neamhshrianta ar gach cuid de na príosúin, le linn na gcigireachtaí uile sin.

Ar an drochuair, b'amhlaidh i dtreo dheireadh na bliana a cuireadh isteach ar an teist comhair gan smál de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann nuair a rinneadh iarrachtaí srianta a fhorchur ar neamhspleáchas oibríochtúil Oifig an Chigire Príosún le linn cigireacht théamach ar an gcaoi a gcaitear le daoine scothaosta atá ina gcónaí i bpríosún. Mar thoradh air sin, cuireadh an chigireacht ar fionraí sa deireadh, agus d'eisigh mé Fógra Reachtúil Imní chuig Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (féach Aguisín B). Go luath sa bhliain 2026, bhí an Chigireacht in ann cigireacht neamhfhógartha iomlán a chur i gcrích ar Phríosún Fear Luimnigh i ndálaí measartha neamhbhactha,

ach níl an fhadhb réitithe go hiomlán go fóill. Beidh sé sin ina ábhar do thuilleadh plé le Seirbhís Phríosúin na hÉireann d'fhonn a chinntiú go n-urramófar neamhspleáchas oibríochtúil Oifig an Chigire Príosún i gcónaí sa chleachtas.

I ndiaidh an lín is mó básanna riamh faoi choimeád príosúin sa bhliain 2024 (31 bhás), tháinig laghdú suntasach ar an líon bliantúil básanna sa bhliain 2025 (go 14 bhás). Mar sin féin, bhí ocht mbás faoi choimeád príosúin ann cheana féin sna chéad trí mhí den bhliain 2026. Táim buíoch as na bearta a rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann chun roinnt de na moltaí i dtuarascálacha Oifig an Chigire Príosún maidir le básanna faoi choimeád a chur chun feidhme. Áirítear leo sin nósanna imeachta feabhsaithe chun faireachán a dhéanamh ar dhaoine a bhfuil drochamhras orthu go bhfuil drugaí tógtha acu, rud a laghdaíonn an baol go mbeidh iarmhairtí marfacha ann. Mar sin féin, ní féidir a bheith réchúiseach; tá príomh-mholtaí áirithe ó Oifig an Chigire Príosún do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, amhail oiliúint i mbuntacaíocht beatha a chur ar gach ball foirne príosúin, le cur chun feidhme go fóill.

Tá an t-am ag imeacht maidir le mainneachtain na hÉireann an Prótacal Roghnach a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta (OPCAT) a dhaingniú agus maidir le hOifig an Chigire Príosún a ainmniú mar Shásra Náisiúnta Coisctheach don chóras ceartais choiriúil. Maidir leis an reachtaíocht a dearadh chun é sin a éascú, eadhon an Bille um Áiteanna Coinneála a Iniúchadh, tá sí fós ina suí in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte sa bhliain 2025. Tá roinnt comharthaí ann go bhféadfaí an Bille a liostú anois lena fhoilsiú mar thosaíocht, d'fhonn é a achtú sa bhliain 2026. Chuirfeadh sé sin deireadh le stádas na hÉireann mar asluiteach, agus í ar an aon bhallstát amháin den Aontas Eorpach nach bhfuil aon Sásra Náisiúnta Coisctheach ainmnithe aige go fóill. Tá súil agam gurb í seo an tuarascáil bhliantúil deiridh ina bhfuil orm a thaifeadadh go bhfuil beagnach fiche bliain imithe thart ó shínigh Éire an Prótacal Roghnach a ghabhann le OPCAT ach nach bhfuil sé daingnithe aici go fóill.

Mar sin féin, le tacaíocht iomlán ón Aontas Eorpach (SG-Reform) agus ó Chomhairle na hEorpa, lean Oifig an Chigire Príosún le caidrimh institiúideacha nua a bhaineann le Sásraí Náisiúnta Coisctheacha a chothú leis an nGarda Síochána, leis an tSeirbhís Chúirteanna, le Fiosrú, leis an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail, le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte, le HIQA, le comhlachtaí eile, agus le geallsealbhóirí eile. Tá sé beartaithe againn na creataí faireacháin nua riachtanacha a dhearadh agus a thástáil, chun go mbeifear réidh le haghaidh achtú an Bhille um Áiteanna Coinneála a Iniúchadh. Feicfidh tú na gníomhaíochtaí sin sa tuarascáil bhliantúil seo.

Bhí táimhe ina sainghné den obair chun an córas lochtach gearán príosúnach a ollchóiriú freisin. Tá sé sin amhlaidh d'ainneoin dhícheall an Ombudsman, Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus Oifig an Chigire Príosún, a bhí ag obair i ndlúthchomhar le chéile chun córas nua agus níos fearr a fhorbairt. Léirítear arís i bhfionnachtana ár suirbhé cigireachta le linn na bliana 2025 nach bhfuil aon mhuinín ag príosúnaigh as an gcóras reatha, agus cúis mhaith acu leis sin. Mar gheall ar chóras éifeachtach gearán a bheith in easnamh go fóill, lena n-áirítear maidir leis na gearáin is tromchúisí faoi ionsaithe ag baill foirne príosúin, ní féidir ach spreagadh a thabhairt d'oifigigh atá meáite ar dhrochíde a dhéanamh do phríosúnaigh chun a chreidiúint gur féidir leo é sin a dhéanamh gan aon phionós a fháil.

Is í ár bhfoireann bheag an-tiomanta a rinne an méid suntasach oibre a chuir an Chigireacht i gcrích sa bhliain 2025. Tá earcú ball foirne breise ar siúl faoi láthair, rud a chuirfidh ar chumas Oifig an Chigire Príosún minicíocht a chigireachtaí príosúin a mhéadú, tuairisciú níos gasta a dhéanamh, a riaráiste d'imscrúduithe ar bhásanna faoi choimeád a ghlanadh, agus glacadh le feidhmeanna nua faireacháin.

D'ainneoin na ndúshlán suntasach atá leagtha amach sa tuarascáil bhliantúil seo, táim fós cinnte go bhfuil luach ag baint le faireachán neamhspleách ar áiteanna coinneála. Tá súil agam go mbeifear in ann a thaifeadadh inár dtuarascáil bhliantúil don bhliain 2026 go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir lenár moltaí a chur chun feidhme.

Mark Kelly, Príomhchigire

2. Réamhrá

Feidhmeanna Oifig an Chigire Príosún

Bunaíodh Oifig na Cigireachta Príosún de bhun alt 30 d'Acht na bPríosún 2007 ("an tAcht") i mí Eanáir 2007. Ceapann an tAire Dlí agus Cirt an Príomhchigire Príosún chun na feidhmeanna a thugtar dó le Cuid 5 den Acht a chomhlíonadh. An 1 Meitheamh 2022, ceapadh an Príomhchigire reatha ar feadh téarma cúig bliana le héifeacht ón 15 Lúnasa 2022 faoi alt 30 den Acht. Tá an Príomhchigire Príosún neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Le halt 31(1) den Acht, cuirtear oibleagáid ar an bPríomhchigire Príosún cigireachtaí rialta a dhéanamh ar phríosúin.

I dteannta cigireachtaí, féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt a iarraidh ar an bPríomhchigire Príosún imscrúdú a dhéanamh ar aon ní a éireoidh as bainistiú nó oibriú príosúin agus, más rud é go n-iarrfar air déanamh amhlaidh, beidh oibleagáid ar an bPríomhchigire Príosún an t-imscrúdú sin a dhéanamh. Féadfaidh an Príomhchigire imscrúdú a dhéanamh dá dheoin féin freisin.

Áirítear iad seo a leanas le ról an Phríomhchigire Príosún:

- Cigireacht rialta a dhéanamh ar gach ceann de na 13 phríosún in Éirinn;
- Imscrúduithe a dhéanamh ar bhásanna faoi choimeád agus ar bhás aon duine ar scaoileadh saor sealadach a tharlóidh laistigh de mhí amháin óna scaoileadh saor;
- Imscrúdú a dhéanamh ar aon ní a éireoidh as bainistiú nó oibriú príosúin dá dheoin féin nó arna iarraidh sin don Aire Dlí agus Cirt;
- Litreacha a fháil ó phríosúnaigh agus freagra a thabhairt orthu de réir Riail 44 de Rialacha na bPríosún 2007-2020;
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar chóras gearán príosúnach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus na feidhmeanna a shanntar de bhun Riail 57B de Rialacha na bPríosún 2007-2017 a chomhlíonadh.
- Ní feidhm de chuid an Phríomhchigire é gearán ó phríosúnach ar leithligh a imscrúdú nó breithiúnas a thabhairt ar ghearán den sórt sin, ach féadfaidh sé na himthosca a bhaineann leis an ngearán a scrúdú más gá sin a dhéanamh chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh (alt 31(6) d'Acht na bPríosún 2007).

Níl aon údarás reachtúil ag an bPríomhchigire Príosún tuarascálacha cigireachta, tuarascálacha imscrúdaithe ná tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú faoi láthair. De réir alt 31 nó alt 32 den Acht, de réir mar is infheidhme, ní mór don Aire, a luaithe is indéanta tar éis tuarascáil a fháil ón gCigire Príosún, an tuarascáil sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus í a fhoilsiú, ach amháin sna cásanna seo a leanas.

Mar sin féin, féadfaidh an tAire aon ní a fhágáil ar lár as aon tuarascáil a leagfar faoi bhráid Thithe an Oireachtais i gcás ina mbeidh sé nó sí den tuairim:

1. go bhféadfadh nochtadh an ní sin dochar a dhéanamh do shlándáil an phríosúin nó an Stáit, nó

2. tar éis dul i gcomhairle le hArd-Rúnaí an Rialtais—

    a. go mbeadh nochtadh an ní sin contrártha do leas an phobail, nó

    b. go bhféadfadh nochtadh an ní sin cearta bunreachtúla aon duine a shárú.

I gcás ina bhfágfar aon nithe ar lár amhlaidh, ní mór ráiteas á rá sin a cheangal leis an tuarascáil lena mbaineann ar í a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ar í a fhoilsiú.

An Fhoireann, Ár Misean, Ár Luachanna agus Ár bhFís

An Fhoireann

Ba iad seo a leanas na baill foirne a bhí ag fónamh in Oifig na Cigireachta Príosún an 31 Nollaig 2025:

Baill foirne a bhí ag fónamh an 31 Nollaig 2025	
An Príomhchigire Príosún An tUas. Mark Kelly	**Leas-Phríomhchigire** Helen Casey Uas.

 Cigire Sinsearach Pia Janning Uas.	 **Cigire Sinsearach** An tUas. Gerald O'Regan
 Cigire is Treoraí Michelle Martyn Uas.	 **Cigire is Treoraí** An tUas. Mark Wolfe

 Cigire An tUas. Matthew Butterly	 **Cigire is Treoraí** Laura Anderson Uas.
 Cigire An Dr Sarah Curristan	 **Cigire** An tUas. Gerry Cronin

 Cigire Orla Dick Uas.	 **Anailísí Sonraí** An Dr Douglas Nanka-Bruce
 Bainisteoir Oifige Louise Joyce Uas.	 **Oifigeach Feidhmiúcháin** Joanne Mooney Uas.
Oifigeach Feidhmiúcháin An tUas. Kevin Cleary	

Misean, Fís agus Luachanna

Ár bhFís

Córas ceartais choiriúil ina dtugtar meas ar chearta an duine atá ag daoine ar baineadh a saoirse díobh agus ina ndéantar na cearta sin a chosaint agus a chomhlíonadh.

Ár Misean

A chinntiú go seastar le cearta an duine atá ag na daoine sin ar baineadh a saoirse díobh agus cuntasacht a chur chun cinn ar fud an chórais ceartais choiriúil.

Ár Luachanna

- Táimid **Dírithe ar Chearta an Duine**, agus tábhacht á leagan againn ar an éagsúlacht agus meas á léiriú againn ar dhínit gach duine aonair. Gníomhaímid le cineáltas agus déanaimid ár ndícheall timpeallacht chuimsitheach a chruthú ina gcaitear le gach duine le cothroime agus le meas.

- Táimid **Neamhspleách agus Neamhchlaonta**, agus tiomantas buanseasmhach don neamhspleáchas agus don neamhchlaontacht á choinneáil ar bun againn. Tá ár gcuid oibre faoi stiúir ag eolas údarásach, ag caighdeáin dhiana, agus ag tiomantas don oibiachtúlacht i ngach a ndéanaimid;

- Táimid **Trédhearcach agus Comhoibríoch**, ag obair go hoscailte agus go cuimsitheach chun iontaoibh a chothú. Trí chomhoibriú, trí thionchar agus trí shaineolas, cothaímid gairmiúlacht agus cuntasacht inár gcaidrimh uile.

- Táimid **Forásach agus Freagrúil**, agus muid ag ceistiú na smaointeoireachta traidisiúnta agus ag glacadh leis an nuálaíocht. Seasaimid chun tosaigh, fanaimid inoiriúnaithe, agus freagraímid go réamhghníomhach do riachtanais na ndaoine a bhfreastalaímid orthu.

Spriocanna Straitéiseacha

1. Feabhsuithe intomhaiste a bhaint amach i saol na ndaoine ar baineadh a saoirse díobh, i gcomhréir le caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta um chearta an duine agus leis an dea-chleachtas.

2. Sásra Náisiúnta Coisctheach den scoth a chruthú agus a chur chun feidhme, ar sásra é a dhéanann faireachán neamhspleách ar an gcaoi a gcaitear le daoine ar fud an chórais ceartais choiriúil ar baineadh a saoirse díobh.

3. Leanúint le hardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a chinntiú, agus eagraíocht atá oiriúnach don todhchaí a thógáil.

3. Sásra Náisiúnta Coisctheach Ceartais Choiriúil a fhorbairt in Éirinn

Caidreamh idir na Sásraí Náisiúnta Coisctheacha ar an Leibhéal Náisiúnta

Le linn na bliana 2025, rinne Mark Kelly, Príomhchigire, Pia Janning, Cigire Sinsearach, agus Laura Anderson, Cigire is Treoraí, ionadaíocht d'Oifig an Chigire Príosún ag Grúpa Stiúrtha na gCeann Gníomhaireachta de chuid Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) le haghaidh OPCAT. Mar chomhlacht comhordúcháin ainmnithe an tSásra Náisiúnta Choiscthigh amach anseo, laistigh de Scéim Ghinearálta an Bhille um Áiteanna Coinneála a Iniúchadh, 2022, bhunaigh IHREC an grúpa stiúrtha chun gníomhaireachtaí a bhfuil feidhm formhaoirseachta acu a thabhairt le chéile, a bhfuiltear ag súil go n-ainmneofar iad mar chomhaltaí den Sásra Náisiúnta Coisctheach nó go n-oibreoidh siad i ndlúthchomhar leis an Sásra Náisiúnta Coisctheach, a luaithe a dhaingneofar OPCAT in Éirinn. Tionóladh an chéad chruinniú den ghrúpa nuabhunaithe i mí an Mhárta, agus tionóladh cruinnithe eile ina dhiaidh sin i mí Iúil agus mí na Samhna 2025. Ba é cuspóir na gcruinnithe ná páirt a ghlacadh i bpleanáil réamhreachtach, plé a dhéanamh ar fhorbairt acmhainne, foghlaim a éascú, nuashonruithe reachtacha a chur in iúl, agus caidrimh oibre a bhunú idir na gníomhaireachtaí éagsúla.

Caidreamh leis an nGarda Síochána

I mí Dheireadh Fómhair 2025, bhuail Mark Kelly, Príomhchigire, Mark Wolfe, Cigire is Treoraí, agus Laura Anderson, Cigire is Treoraí, le Justin Kelly, Coimisinéir an Gharda, le Shawna Coxon, Leas-Choimisinéir, agus le Paul Cleary, Leas-Choimisinéir Gníomhach, i gCeanncheathrú an Gharda Síochána. Tionóladh an cruinniú i dtús théarma an Uasail Kelly mar Choimisinéir agus bhí sé ina dheis plé a dhéanamh ar an mBille um Áiteanna Coinneála a Iniúchadh atá le teacht, rud lena n-ainmneofar Oifig an Chigire Príosún mar an Sásra Náisiúnta Coisctheach Ceartais Choiriúil amach anseo agus lena leathnófar sainordú Oifig an Chigire Príosún chun faireachán ar choimeád an Gharda Síochána, ar iompar agus ar chillíní coinneála cúirte a áireamh. Bhí an cruinniú ina ardán chun éisteacht le tuairimí fhoireann ardbhainistíochta an Gharda Síochána agus chun tús a chur le hobair chomhoibríoch chun comhleanúnachas agus ailíniú a chinntiú idir an dá ghníomhaireacht sula bhforbrófaí creat faireacháin um choinneáil póilíní.

Caidreamh idir na Sásraí Náisiúnta Coisctheacha ar an Leibhéal Réigiúnach trí Fhóram Eorpach na Sásraí Náisiúnta Coisctheacha

Sa bhliain 2025, lean Oifig an Chigire Príosún dá caidreamh le Sásraí Náisiúnta Coisctheacha a bunaíodh ar fud na hEorpa a thógáil, trí Fhóram Sásraí Náisiúnta Coisctheacha Chomhairle na hEorpa. Ba é an chéad imeacht den bhliain ná ceardlann dar teideal 'Dul i ngleic leis an bplódú i bpríosúin Eorpacha: ról na Sásraí Náisiúnta Coisctheacha a threisiú maidir le cearta a chumhdach agus le formhaoirseacht éifeachtach a chinntiú', a tionóladh an 5 Feabhra agus an 6 Feabhra 2025 in Strasbourg. Rinne Mark Kelly, Príomhchigire, Pia Janning, Cigire Sinsearach, Laura Anderson, Cigire is Treoraí, agus Sarah Curristan, Cigire, ionadaíocht d'Oifig an Chigire Príosún.

Labhair Mark Kelly, Príomhchigire, le rannpháirtithe na ceardlainne ar an téama arb éard é treisiú le ról na Sásraí Náisiúnta Coisctheacha maidir le formhaoirseacht agus le tathant, ar lena linn a thug sé forbhreathnú ar an staid i bpríosúin na hÉireann agus a chomhroinn sé a shaineolas agus a thaithí maidir le faireachán a dhéanamh ar áiteanna coinneála.

Thug cainteoirí idirnáisiúnta éagsúla léargais ar chleachtais, ar dhúshláin agus ar réitigh mholta a bhaineann le plódú, agus an méid a foghlaimíodh ina ndlínsí féin á gcomhroinnt acu. Le linn an imeachta freisin, éascaíodh ceardlanna níos lú ina ndearnadh scrúdú ar ghearradh pianbhreitheanna agus ar athchóirithe dlí, ar bhainistíocht bonneagair agus acmhainne, ar athshlánú, ar sheirbhísí

sóisialta agus ar athimeascadh. Sa láithreoireacht deiridh, tugadh tús eolais ar an topaic arb éard í caighdeáin Eorpacha maidir leis an Intleacht Shaorga.

I mí an Mheithimh 2025, rinne Mark Kelly, Príomhchigire, Mark Wolfe, Cigire is Treoraí, agus Laura Anderson, Cigire is Treoraí, ionadaíocht don Chigireacht ag dhá imeacht de chuid Chomhairle na hEorpa in Strasbourg. Ba é an chéad imeacht, a tionóladh an 5 Meitheamh 2025, ná Comhdháil Bhliantúil an Fhóraim Sásraí Náisiúnta Coisctheacha Eorpacha. Ba é 'Faireachán a Dhéanamh ar Choinneáil Póilíní' teideal na comhdhála, ar fhreastail thart ar 80 rannpháirtí a bhí ag déanamh ionadaíocht do 36 thír Eorpacha uirthi. Tar éis láithreoireacht a thug Comhairle na hEorpa, bhí seisiúin ann inar pléadh caighdeáin na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine maidir le coinneáil póilíní, ar lena linn a leagadh díriú ar an gcásdlí agus ar léargais ar chur chun feidhme, agus ar fhaireachán a dhéanamh ar choinneáil póilíní agus aird á tabhairt orthu siúd a bhfuil leochaileachtaí sonracha acu. Bhain na seisiúin eile le hidirghníomhaíochtaí le seirbhísí póilíneachta, le caighdeáin a chur chun feidhme trí chomhar teicniúil agus, ar deireadh, le faireachán an tSásra Náisiúnta Choiscthigh ar choinneáil póilíní, rud dá raibh Mark Kelly, Príomhchigire, ina bhall den phainéal. Ba é an dara himeacht, a tionóladh an 6 Meitheamh 2025, ná imeacht comhchéime inar pléadh dul i ngleic le hordlathais neamhfhoirmiúla príosúnach. D'eagraigh an Stiúrthóireacht um Chearta an Duine de chuid Chomhairle na hEorpa an t-imeacht sin le tacaíocht ón bhFóram Sásraí Náisiúnta Coisctheacha. Bhí cúig sheisiún san imeacht, eadhon 'Bunchúiseanna agus tosca a chuireann le hordlathais neamhfhoirmiúla príosúnach', 'An tionchar a bhíonn ag ordlathais neamhfhoirmiúla príosúnach ar bhaill foirne agus ar dhaoine atá á gcoinneáil', 'Straitéisí chun dul i ngleic le hordlathais neamhfhoirmiúla príosúnach', 'Ról agus dúshláin an fhaireacháin neamhspleách maidir le dul i ngleic le hordlathais neamhfhoirmiúla príosúnach', agus seisiún clabhsúir inar tugadh le chéile an méid a foghlaimíodh ar an lá.

An 19 Samhain agus an 20 Samhain 2025, d'fhreastail Gerald O'Regan, Príomhoifigeach Oibriúcháin, Laura Anderson, Cigire is Treoraí, agus Matthew Butterly, Cigire, ar an imeacht deiridh de chuid an Fhóraim Sásraí Náisiúnta Coisctheacha sa bhliain in Strasbourg, mar a bhí ceardlann dar teideal, 'Sásraí Náisiúnta Coisctheacha Éifeachtacha: Scileanna, obair foirne agus straitéis a neartú'. I dtús an imeachta, thug Rúnaí Feidhmiúcháin an Choiste chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc (CPT) aitheasc. Ina dhiaidh sin, bhí láithreoireachtaí ó ionadaithe ó Shásraí Náisiúnta Coisctheacha Eorpacha a bhí ag tuairisciú ar na láidreachtaí agus ar na dúshláin laistigh dá dtír féin, rud as ar tháinig plé grúpa ar cad is Sásra Náisiúnta Coisctheach éifeachtach ann. Lean an cheardlann ar aghaidh le seisiúin maidir le tuarascálacha agus moltaí a scríobh, maidir le moltaí a rianú agus a chur chun feidhme, maidir le scileanna cumarsáide agus caidreamh leis na meáin, agus maidir le heitic in obair an tSásra Náisiúnta Choiscthigh. Ag deireadh an imeachta, tugadh láithreoireacht ar thacaí meabhairshláinte do bhaill foirne a oibríonn i Sásraí Náisiúnta Coisctheacha agus, ina dhiaidh sin, thug Comhairle na hEorpa ráitis deiridh ina ndearnadh achoimre ar an imeacht dhá lá.

Tionscadal "Tacaíocht Theicniúil le haghaidh Sásraí Náisiúnta Coisctheacha níos éifeachtaí agus níos athléimní", arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach agus ag Comhairle na hEorpa.

Tar éis an tionscadal a sheoladh sa bhliain 2024, cuireadh an chéad chruinniú de chuid an Ghrúpa Chomhairligh ar siúl i dtús na bliana 2025, agus é tionólta an 31 Eanáir 2025. Bhí ionadaithe ó Chomhairle na hEorpa, ón gCoimisiún Eorpach, ó Oifig Ombudsman na Cipire agus ó Oifig an Chigire Príosún i láthair, eadhon Mark Kelly, Príomhchigire, Pia Janning, Cigire Sinsearach, agus Laura Anderson, Cigire is Treoraí. Le linn an chruinnithe, chualathas an t-eolas is deireanaí ó na páirtithe uile, agus dhírigh na rannpháirtithe le chéile ansin ar na chéad chéimeanna eile a phleanáil, lenar áiríodh tairiscintí a eisiúint chun tús a chur le gníomhaíochtaí an tionscadail.

Tionóladh dhá chruinniú eile de chuid an Ghrúpa Chomhairligh sa bhliain 2025, an 19 Bealtaine 2025 agus an 30 Meán Fómhair 2025, agus bhí na baill chéanna i láthair agus ba é an cuspóir ná

machnamh a dhéanamh ar dhul chun cinn an tionscadail agus pleanáil a dhéanamh dá réir. Idir na cruinnithe, choinnigh Oifig an Chigire Príosún cumarsáid rialta ar bun le Comhairle na hEorpa chun cuspóir an tionscadail a chur chun cinn, eadhon feabhas suntasach a chur ar an aird a thugtar ar chearta na ndaoine ar baineadh a saoirse díobh agus, i gcás na hÉireann, an méid sin a dhéanamh trí thacú le hullmhúcháin le haghaidh OPCAT a dhaingniú. Seo iad roinnt de na gníomhaíochtaí ón tionscadal a baineadh amach nó ar cuireadh tús leo sa bhliain 2025:

Tairiscintí Tionscadail

Le linn na chéad ráithe den bhliain, d'eisigh Comhairle na hEorpa tairiscintí chun sainchomhairleoirí a fhostú a bhfuil saineolas acu ar Chumarsáid agus Caidreamh Poiblí, ar an Dlí agus Cearta an Duine, agus ar Thaighde agus Bailiú Sonraí. Mar thoradh ar an bpróiseas sin, b'amhlaidh, sa dara sé mhí den bhliain 2025, a bhí an deis ag Oifig an Chigire Príosún dul i gcomhairle leis na hiarratasóirí rathúla chun tacú leis na hiarrachtaí leanúnacha atá i gceist le hullmhú don Bhille um Áiteanna Coinneála a Iniúchadh, a bhí fós ar liosta dréachtaithe tosaíochta Chlár Reachtaíochta an Rialtais sa bhliain 2025. Go háirithe, d'oibrigh Oifig an Chigire Príosún i gcomhar le We the People ar chumarsáid, le Quality Matters agus le Nazia Latif maidir le forbairt taighde, agus leis an Dr Julia Kozma ar nithe a bhaineann le hanailís dhlíthiúil a bhaineann le cearta an duine. Leanfar den chomhoibriú leanúnach idir Oifig an Chigire Príosún, Comhairle na hEorpa agus na saineolaithe sainaitheanta sa chéad chéim eile den tionscadal sa bhliain 2026.

Imeacht Chur i Láthair na Tuarascála ón gCoiste chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc (CPT)

Ar maidin an 11 Samhain 2025, reáchtáladh imeacht a fuair tacaíocht ón tionscadal agus ar a raibh an teideal 'Tacaíocht theicniúil le haghaidh Sásraí Náisiúnta Coisctheacha níos éifeachtaí agus níos athléimní: Cur i láthair na tuarascála ó CPT ar a chuairt ar Éirinn sa bhliain 2025' i gColáiste Ríoga na Lianna i mBaile Átha Cliath. Bhí sé mar aidhm leis an imeacht ardán a sholáthar do na rannpháirtithe chun faisnéis faoi bharúlacha CPT a chloisteáil, chun dul i ngleic le moltaí CPT, agus chun straitéisí a iniúchadh chun athruithe riachtanacha a chur chun feidhme chun céastóireacht agus dálaí mídhaonna a chosc do dhaoine ar baineadh a saoirse díobh in Éirinn. Bhí lucht féachana éagsúil rannpháirtithe ann, lenar áiríodh ionadaithe ó ranna rialtais, ó Sheanad Éireann, ón tsochaí shibhialta agus ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, an lucht ardbhainistíochta ina measc, agus ionadaithe ón lucht léinn agus ó chomhlachtaí formhaoirseachta, tathantóirí chearta an duine, ionadaithe ó Shásra Náisiúnta Coisctheach na Cipire, agus ionadaithe ó ghníomhaireachtaí ceartais choiriúil.

Cuireadh tús leis an imeacht le hóráidí tosaigh inar leagadh amach na príomhchonclúidí agus na príomh-mholtaí ó thuarascáil CPT, faoi stiúir Gunda Wössner, 2ú Leas-Uachtarán CPT, le tacaíocht ó chomhghleacaithe léi, mar a bhí Hugh Chetwynd, Rúnaí Feidhmiúcháin CPT, agus Francesca Gordon, Comhairleoir Rúnaíocht CPT. Ina dhiaidh sin, thug Mark Kelly, Príomhchigire, a ráitis tosaigh faoin tuarascáil.

D'éascaigh toscaireacht CPT agus Mark Kelly, Príomhchigire, an dara seisiún den imeacht, ar leagadh díriú lena linn ar chur chun feidhme phríomh-mholtaí na tuarascála, go háirithe an plódú, cosc ar dhrochíde, básanna i bpríosún, agus saincheisteanna a bhaineann le meabhairshláinte i bpríosúin agus i saoráidí síciatracha. Bhí deis ag na rannpháirtithe ceisteanna a chur, agus d'éascaigh sé sin plé fiúntach ar shaoráidí coinneála in Éirinn.

Sa tríú seisiún, arbh é an seisiún deiridh é, pléadh an dóchúlacht go ndéanfaí OPCAT a dhaingniú in Éirinn. Rinne Tigran Karapetyan, Ceann an Rannáin um Dhúshláin Thrasnaí agus Tionscadail Iltaobhacha le Comhairle na hEorpa, modhnóireacht ar phainéal ar a raibh David Hogan, an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, Rebecca Keatinge, Ceann Faireacháin agus Comhlíonta,

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, agus Sam Gluckstein, Comhairleoir Sinsearach Saineolach ar chur chun feidhme OPCAT d'Oifig an Chigire Príosún.

Imeacht Comhchéime maidir le Meabhairshláinte

Tráthnóna an 11 Samhain 2025, thionóil Comhairle na hEorpa, tríd an tionscadal agus i gcomhpháirt le hOifig an Chigire Príosún agus leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte, imeacht comhchéime maidir le meabhairshláinte, le cearta an duine agus le cailleadh saoirse i gColáiste Ríoga na Lianna. Bhí geallsealbhóirí éagsúla i láthair, lenar áiríodh ionadaithe ón tsochaí shibhialta, ón lucht léinn, ó ghníomhaireachtaí sláinte agus ceartais choiriúil agus ó Shásra Náisiúnta Coisctheach na Cipire, gairmithe meabhairshláinte, tathantóirí chearta an duine, agus oifigigh rialtais.

Thug John Farrelly, Príomhfheidhmeannach, an Coimisiún Meabhair-Shláinte, Mark Kelly, Príomhchigire, agus an tOllamh Gautam Gulati, Cathaoirleach (Ghrúpa Sláinte) CPT, ráitis tosaigh. Bhí trí phainéal ag an imeacht, agus ba é John Farrelly a mhodhnaigh gach ceann acu. Ar an gcéad phainéal bhí an tOllamh Gautam Gulati, Mark Kelly, Príomhchigire, agus Catherine Creamer, saineolaí meabhairshláinte. I dteannta a chéile, rinne siad iniúchadh ar na dúshláin reatha maidir le cúram meabhairshláinte do dhaoine atá á gcoinneáil in Éirinn.

Ba é teideal phlé an dara painéal ná 'Bearnaí a dhúnadh: conairí cuí cúram meabhairshláinte do dhaoine a bhfuil meabhairghalar orthu'. Ar an bpainéal bhí an tOllamh Jim Lucey, Cigire, an Coimisiún Meabhair-Shláinte, Brenda Wright, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Cliniciúil, an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, Fíona Ní Chinnéide, Leas-Stiúrthóir, an tSeirbhís Phromhaidh, David Carroll, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin DePaul Ireland, agus Olivera Vulic, Síciatraí agus iarchomhalta de CPT. Bhí raon éagsúil taithí ann ar an bpainéal, rud as ar eascair raidhse faisnéise maidir le conairí do dhaoine a bhfuil meabhairghalar orthu.

Rinne an painéal deiridh iniúchadh ar an topaic arb éard í cosaintí dlíthiúla agus cuntasacht a chur chun cinn i gcoinneáil meabhairshláinte, ar pléadh dúshláin agus athchóirithe reachtacha lena linn. Bhí Mark Kelly, Príomhchigire, Orla Keane, Ceann Binsí agus Abhcóide Ginearálta, an Coimisiún Meabhair-Shláinte, agus Lisa-Marie O'Malley, Comhordaitheoir Beartais agus Tathanta, Mental Health Reform, ar na baill den phainéal. Rinneadh iniúchadh sa phlé ar an reachtaíocht ar fud na n-earnálacha sláinte agus ceartais agus ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige otharlárnach.

I ndiaidh gach painéil, seoladh seisiúin ceisteanna agus freagraí agus éascaíodh plé suntasach trasearnála inar léiríodh an tábhacht a bhaineann le comhar agus comhoibriú na ndaoine sin a oibríonn i réimse an cheartais choiriúil agus i réimse an chúraim sláinte araon. Le bunú Sásra Náisiúnta Choiscthigh ina mbeidh roinnt comhaltaí, tar éis OPCAT a dhaingniú, cuirfear comhar agus comhoibriú den sórt sin ar bhonn reachtúil, rud a thabharfaidh saineolas ó dhisciplíní éagsúla le chéile chun feabhas a chur ar dhálaí do dhaoine ar baineadh a saoirse díobh.

Cuireadh deireadh leis an imeacht le ráitis chlabhsúir ó Tigran Karapetyan ó Chomhairle na hEorpa agus ó Micaela Musacchio Strigone ón gCoimisiún Eorpach.

Cuairteanna Staidéir

I mí na Nollag 2025, chaith Mark Wolfe, Cigire is Treoraí, agus Gerry Cronin, Cigire, seachtain, tríd an tionscadal, inar bhreathnaigh siad ar Shásra Náisiúnta Coisctheach na Fraince, mar atá an Contrôleur Général des lieux de privation de Liberté (CGLPL), agus é ag déanamh faireachán ar shaoráidí coinneála póilíní in Lille agus sna limistéir máguaird. Cuireadh cigirí ó Oifig an Chigire Príosún, a raibh ateangairí ag tacú le gach duine acu, chuig dhá fhoireann cigireachta ar leith ina raibh saineolaithe a raibh cúlra acu sa phóilíneacht. I measc na suíomhanna do na cuairteanna faireacháin bhí beairicí an

Gendarmérie, stáisiúin póilíní, agus saoráidí coinneála cúirte. Tugadh eispéireas lán-tumthacha do na cigirí toisc gur tugadh rochtain iomlán dóibh ar bhaill foirne ón Police Nationale, ón Gendarmérie agus ó oifig an Ionchúisitheora. Tar éis na gcuairteanna faireacháin, ghlac Mark Wolfe, Cigire is Treoraí, agus Gerry Cronin, Cigire, páirt i gcruinniú faisnéisithe le Comhairle na hEorpa agus le CGLPL ag a oifig i bPáras. Ar fhilleadh ar Oifig an Chigire Príosún dóibh, chomhroinn an bheirt chigirí a gcuid foghlama leis an bhfoireann i gcoitinne agus labhair siad faoin tairbhe a bhaineann le breathnú ar fhaireachán coisctheach a dhéanamh ar shainaonaid phóilíneachta, lenar áiríodh na haonaid sin a dhéileálann go sonrach le frithsceimhlitheoireacht, le gáinneáil ar dhaoine, le foréigean gnéasach agus baile, le cibearchoireacht, le forfheidhmiú drugaí, le coinneáil inimirce, agus le coireacht eagraithe thromchúiseach.

Páipéar: Éire: Dlí maidir le Sásraí Náisiúnta Coisctheacha – Príomhcheanglais de réir OPCAT

I mí na Nollag 2025, d'ullmhaigh an Dr Julia Kozma, Comhalta d'Fhochoiste na Náisiún Aontaithe chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach a Chosc (SPT) agus sainchomhairleoir do Chomhairle na hEorpa, dréachtpháipéar maidir leis na príomhcheanglais agus na forálacha dlíthiúla riachtanacha ba cheart a bheith i ndlí maidir le Sásraí Náisiúnta Coisctheacha in Éirinn. Forbrófar an páipéar tuilleadh i dtús na bliana 2026, agus beidh sé ina uirlis úsáideach mar ullmhúchán do dhaingniú OPCAT.

4. Gníomhaíochtaí – Cigireachtaí agus Imscrúduithe

Cigireachtaí

Sa bhliain 2025, lean Oifig an Chigire Príosún dá clár cigireachtaí a chur i gcrích ar fud eastát na bpríosún in Éirinn. Rinne an Chigireacht dhá Chigireacht Ghinearálta agus Cigireacht Leantach amháin agus chuir sí tús le Cigireacht Théamach. Ba faoi Chreat Cigireachta Oifig an Chigire Príosún (2024): Creat le haghaidh Cigireacht a Dhéanamh ar Phríosúin in Éirinn a rinneadh gach ceann de na cigireachtaí sin.

Achoimre ar Fhionnachtana – Cigireachtaí 2025

Sa bhliain 2025, rinne an Chigireacht measúnú ar mholtaí a rinneadh tar éis cigireacht neamhfhógartha ghinearálta ar Phríosún Mhuinseo a rinneadh ag deireadh na bliana 2022, le linn Cigireacht Leantach ar Phríosún Mhuinseo (28 Aibreán – 2 Bealtaine 2025).

Rinne an Chigireacht dhá Chigireacht Ghinearálta iomlána neamhfhógartha freisin ar na príosúin seo a leanas:

- Príosún Chruithneachtáin (19 Meitheamh – 2 Iúil 2025);
- Príosún an Chaisleáin Riabhaigh (8 Meán Fómhair – 16 Meán Fómhair 2025).

Lean Oifig an Chigire Príosún dá comhpháirtíocht le Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige (ROÓ), a rinne measúnú agus tuairisciú ar sholáthar agus cáilíocht an oideachais sna Cigireachtaí Ginearálta ar Phríosún Chruithneachtáin agus ar Phríosún an Chaisleáin Riabhaigh.

Fuair Oifig an Chigire Príosún tacaíocht ó bhaill a bhí roghnaithe óna Sainphainéal le linn a gníomhaíochtaí cigireachta freisin. Bhí saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar raon leathan réimsí, lenar áiríodh an cúram sláinte agus an tslándáil, in éineacht leis an gCigireacht le linn cigireachtaí.

Ar deireadh, chuir an Chigireacht tús le Cigireacht Théamach fhógartha ar an Aosú i bpríosúin na hÉireann (13 Samhain – 21 Samhain 2025). Thug an Chigireacht cuairt ar roinnt príosún, lenar áiríodh Príosún an Láir Tíre, an tAonad Oiliúna, agus Ionad Dóchas, agus tá sé beartaithe aici cuairt a thabhairt ar Phríosún Chnoc an Arbhair freisin. Cuireadh an Chigireacht Théamach ar fionraí an 18 Samhain 2025, áfach, mar thoradh ar iarrachtaí cur isteach ar neamhspleáchas oibríochtúil na Foirne Cigireachta. Féach tuilleadh thíos agus Aguisín B.

Príomhfhionnachtana na gCigireachtaí Príosúin

1. Príosún Mhuinseo (Cigireacht Leantach, 28 Aibreán 2025 – 2 Bealtaine 2025)

Comhpháirt riachtanach d'obair na Cigireachta is ea faireachán. Tá cigireachtaí leantacha ina gcuid ríthábhachtach de mheasúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí a rinneadh roimhe seo. Chuir an Chigireacht cigireacht leantach ar Phríosún Mhuinseo i gcrích (28 Aibreán – 2 Bealtaine 2025). Roimhe sin, rinne an Chigireacht cigireacht ghinearálta neamhfhógartha ar Phríosún Mhuinseo (28 Samhain – 9 Nollaig 2022).

Sa chigireacht leantach, scrúdaíodh forbairtí ó chigireacht ghinearálta Oifig an Chigire Príosún sa bhliain 2022, agus béim ar leith á cur ar phlódú. Ábhar imní ar leith ba ea an líon méadaithe fear a bhí ag codladh ar thochtanna ar na hurláir. Ar an gcéad lá de chigireacht na bliana 2022, bhí cóiríocht á cur ar fáil do 750 duine i bPríosún Mhuinseo; bhí sé ag feidhmiú ag toilleadh 99%, agus bhí 35 dhuine ag codladh ar thochtanna ar an urlár. Ar an gcéad lá den chigireacht leantach i mí Aibreáin 2025, bhí 986 dhuine faoi choimeád. Bhí an príosún ag feidhmiú ag toilleadh 122%, agus bhí 90 fear ag codladh ar thochtanna ar an urlár.

Bhí éagsúlacht ann i gcaighdeán na glaineachta agus sa bhail ar fud an phríosúin. Bhí siad ar chaighdeán dona go háirithe do phríosúnaigh faoi chosaint i Rannáin A agus B sa phríomhphríosún. Breathnaíodh go raibh fuinneoga briste, líonóil stróicthe, múscán, agus leithris agus doirtil a bhí ag sileadh ag na cillíní. Bhí droch-aeráil ann sna cillíní sin agus bhí na teochtaí iomarcach. D'fhéadfadh go dtógfadh sé roinnt seachtainí chun deisiúcháin riachtanacha ar na cillíní a dhéanamh. Bhí roinnt comhlimistéar den phríomhphríosún salach nó i ndroch-chaoi freisin.

I gcodarsnacht leis sin, tá feabhas suntasach tagtha ar dhálaí maireachtála d'fhir a gcuirtear cóiríocht ar fáil dóibh sna cillíní sin mar gheall ar athchóiriú an Aonaid Liachta (F1 agus F2) agus ar athchóiriú Phríosún Mhuinseo Thiar (B). Breathnaíodh go raibh na cillíní glan, geal, nua-aimseartha agus éasca le cothabháil.

Moladh a rinne an Chigireacht roimhe seo ba ea amanna béilí a sceidealú chun teacht le caighdeáin an phobail. Tugadh faoi deara go dearfach go leanann Príosún Mhuinseo Thiar de phríomhbhéile a riar ag 4pm seachas ag am lóin, cé go bhfuil an moladh sin fós oscailte don phríomhphríosún agus don aonad liachta.

Mhol an Chigireacht roimhe seo go dtosódh Príosún Mhuinseo (tar éis COVID-19) ar ghlacadh an athuair le pacáistí a sheachadfadh baill teaghlaigh chuig an bpríosún. Mar gheall ar an bpost a úsáid

mar an t-aon chóras amháin chun pacáistí a fháil, cuireadh ualach airgeadais breise ar theaghlaigh. Bhí áthas orainn a fháil amach gur ceadaíodh do bhaill teaghlaigh earraí a sheachadadh de láimh chuig an bpríosún.

Réimse imní ar tarraingíodh aird air le linn chigireacht ghinearálta na bliana 2022 ba ea coimeád taifead. Le linn na cuairte leantaí, thug an Chigireacht roinnt feabhsuithe ar cháilíocht an choimeádta taifead faoi deara. Díol suntais ar leith ba ea go raibh foirmeacha NIMS (an Córas Náisiúnta Bainistíochta Teagmhas) á gcomhlánú agus á gcur isteach ar an gcóras NIMS ar bhealach i bhfad níos tapa agus níos éifeachtúla anois ná mar a bhí amhlaidh roimhe seo.

D'ainneoin na bhfeabhsuithe sin, sainaithníodh roinnt bearnaí suntasacha i gcoimeád taifead. Ní raibh na teagmhais uile á dtaifeadadh. Bhí teagmhais ina ndearna príosúnaigh díobháil dá chéile á dtaifeadadh. Ní raibh teagmhais inar líomhnaíodh go ndearna baill foirne díobhálacha tromchúiseacha do phríosúnaigh ar theastaigh uathu dul chuig an ospidéal dá ndeasca á dtaifeadadh, áfach. Bhí gá ann le feabhas a chur ar na sonraí a tugadh le linn úsáid fornirt agus athlonnú a thaifeadadh.

Rinne an fhoireann cigireachta obair leantach de bhun roinnt moltaí a rinneadh maidir le soláthar foirne cúram sláinte agus le hacmhainniú cúram sláinte. Rud dearfach a tugadh faoi deara le linn na cigireachta leantaí ba ea go raibh tacaíocht riaracháin ann don fhoireann cúram sláinte. Ní raibh ach altra amháin ar dualgas san oíche, áfach, agus é ag freastal ar Phríomhphríosún Mhuinseo, ar Phríosún Mhuinseo Thiar, agus ar an Aonad Liachta. Beidh sé sin mar chúis le riosca tromchúiseach má tharlaíonn dhá éigeandáil liachta nó níos mó ag an aon am amháin. I bhfianaise an lín príosúnach atá á gcoinneáil sa phríosún faoi láthair, molann an Chigireacht go mbeadh altra amháin sa bhreis i láthair san oíche.

Tráth chigireacht na bliana 2022, bhí triúr comhairleoirí andúile lánaimseartha agus comhairleoir andúile páirtaimseartha amháin ann i bPríosún Mhuinseo. Le linn chigireacht na bliana 2025, ní raibh ach comhairleoir lánaimseartha amháin ann. Dá ainneoin sin, cuireadh an Chigireacht ar an eolas faoi phleananna chun acmhainní a mhéadú, agus beirt chomhairleoirí lánaimseartha a bheith á gcur leis a bhuí le hathoscailt an Chláir Cóireála Drugaí, rud ar cuireadh fáilte roimhe.

Ag an gcruinniú clabhsúir tar éis chigireacht na bliana 2022 (agus sa tuarascáil chigireachta), mhol an Chigireacht go gcuirfí deireadh le déanmhas sealadach Portakabin a úsáid chun an chuid scagthástála cúram sláinte den phróiseas cimithe a dhéanamh. Mar sin féin, bhí an Portakabin fós i mbun úsáide le linn na cigireachta leantaí, cé gur léir nach bhfuil sé neamhoiriúnach don chríoch sin. Níor cheart

agallaimh cúram sláinte a dhéanamh ach amháin in áitribh ina bhféadfar rúndacht liachta a urramú go hiomlán. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an easnamh sin mar bheart práinne.

Tá rochtain chuí ar ghníomhaíocht a bhfuil cuspóir léi ina cuid riachtanach d'fhorbairt phearsanta agus de dhul chun cinn pearsanta. Ar an iomlán, fuair an Chigireacht amach go raibh rochtain theoranta ann ar ghníomhaíocht a bhfuil cuspóir léi sa phríosún. Bhí dúntaí rialta scoile (idir dhúntaí iomlána agus dhúntaí páirteacha) agus rochtain theoranta ar an ngiomnáisiam ann mar gheall ar ath-imlonnú ball foirne. Moltar go ndéanfaí poist an oifigigh giomnáisiam agus an oifigigh oideachais araon a imfhálú ar an bplean bainistíochta réimeanna chun a chinntiú go dtabharfar rochtain níos fearr do phríosúnaigh.

Bhí an t-am a bhíothas ag caitheamh lasmuigh den chillín teoranta do phríosúnaigh a bhí faoi chosaint, agus mholfadh an Chigireacht do Phríosún Mhuinseo iarrachtaí a dhéanamh arís an t-am lasmuigh den chillín a mhéadú d'fhir atá faoi chosaint.

Foilsíodh an tuarascáil ar an gcigireacht leantach ar Phríosún Mhuinseo an 4 Feabhra 2026 agus is féidir í a rochtain ag an nasc seo a leanas: https://www.oip.ie/wp-content/uploads/2026/02/OIP-Follow-up-inspection-Mountjoy-Prison.pdf

2. Príosún Chruithneachtáin (**Cigireacht Ghinearálta, 19 Meitheamh 2025 - 2 Iúil 2025**)

Idir an 19 Meitheamh agus an 2 Iúil 2025, rinne an Chigireacht cigireacht ghinearálta neamhfhógartha i bPríosún Chruithneachtáin. Mar a bhí amhlaidh i bhformhór na bpríosún ar fud an eastáit, bhí Príosún Chruithneachtáin ag feidhmiú thar a thoilleadh. Ar an gcéad lá den chigireacht, bhí Príosún Chruithneachtáin ag feidhmiú ag 110% dá thoilleadh, agus 685 dhuine faoi choimeád ann.[1] Bhí 38 bhfear ag codladh ar thochtanna ar na hurláir.

Bhí tionchar an phlódaithe ar dhálaí maireachtála, ar réimeanna, agus ar fholláine na ndaoine a bhí ina gcónaí sa phríosún le feiceáil.

Bhí éagsúlacht ann sna dálaí maireachtála i bPríosún Chruithneachtáin. Bhí roinnt limistéar spáis maireachtála ann a raibh dálaí maireachtála measartha maith ag baint leo, amhail an tAonad um Scileanna Maireachtála Neamhspleáiche (ILSU), cillíní duine amháin ar an Sciathán Thoir, agus na léibhinn fheabhsaithe sa tseanchuid den phríosún. Bhí na dálaí i bhfad níos measa, áfach, ar ghnáthléibhinn sa tseanchuid den phríosún, áit a raibh na cillíní salach agus gránna. Bhí na dálaí sin

[1] Seirbhís Phríosúin na hÉireann (2025). An Líon Príosúnach Déardaoin an 19 Meitheamh 2025

níos measa fós mar gheall ar an bplódú agus ar na tochtanna a cuireadh ar an urlár mar thoradh ar phlódú an phríosúin.

I ngach cillín, ní raibh leithris scartha go hiomlán ón gcuid eile den chillín, rud a bhain an bonn de dhínit na ndaoine a bhí ina gcónaí i gcillíní comhroinnte. De bhreis air sin, fuarthas amach go raibh a lán cithfholcadáin chomhroinnte ar na léibhinn as feidhm agus i ndroch-chaoi.

Ábhar mór imní ba ea an méid ama lasmuigh den chillín a bhí ag fir i bPríosún Chruithneachtáin. Nuair a tháinig laghdú ar an líon foirne, cuireadh prótacal díghlasála agaithe chun feidhme; d'fhág sé sin gurbh amhlaidh, in ionad an ama sceidealaithe díghlasála, a d'fhan na príosúnaigh faoi ghlas ina gcillín ar a léibhinn go dtí go ndéanfaí iad a dhíghlasáil de réir oird.

Leis an bprótacal sin, laghdaítear go mór an t-am a chaitear lasmuigh den chillín gach lá. Níor coinníodh taifid go foirmiúil maidir le cathain a chuirtear díghlasáil agaithe chun feidhme ná maidir leis an méid ama lasmuigh den chillín a chaillteár. Tugadh le fios in athbhreithniú ar an líon foirne don ráithe roimh an gcigireacht gur forchuireadh díghlasáil agaithe 57 n-uaire sa tréimhse 91 lá. Tugtar le fios go láidir sa mhinicíocht ag ar forchuireadh an prótacal sin go bhfuil gá ag Príosún Chruithneachtáin le líon foirne níos mó chun clár ama bunúsach an phríosúin a chur chun feidhme.

Maidir le cúram sláinte sa phríosún, bhí an fhoireann cúram sláinte ríthiomanta agus rídhíograiseach, agus bhí dea-shamplaí de chleachtas nuálach i bhfeidhm. Mar sin féin, thuairiscigh daoine i bpríosún go raibh deacrachtaí suntasacha agus agaí fada feithimh acu chun rochtain a fháil ar dhochtúir. Tráth na cigireachta, bhí dochtúirí ionaid ag soláthar seirbhísí lia-chleachtóirí ginearálta, rud a bhain an bonn den chumas chun liostaí feithimh a bhainistiú, agus chun an soláthar cúram sláinte a struchtúrú san fhadtéarma. Cosúil lena lán príosún, ní bhíonn ach aon altra amháin ar dualgas i bPríosún Chruithneachtáin san oíche; dearbhaíonn an Chigireacht an athuair go bhfuil sé den tuairim go bhfuil an cleachtas sin baolach.

Bhí an leibhéal foréigin sa phríosún ina ábhar imní. Sa 12 mhí roimhe sin, taifeadadh 95 ionsaí ag príosúnaigh ar phríosúnaigh agus 11 ionsaí ag príosúnaigh ar bhall foirne. Níor thuairiscigh ach 29% de na daoine a ghlac páirt i suirbhé na Cigireachta gur mhothaigh siad sábháilte sa phríosún (68 nduine as 235 dhuine). Tháinig an Chigireacht ar fhadhbanna suntasacha maidir le coimeád taifead i gcás teagmhais thromchúiseacha, agus ní raibh aon fhianaise ann go raibh próiseas foirmiúil measúnaithe riosca ann maidir le leithdháileadh cillíní nó le comhroinnt cillíní.

I gcás daoine a bhí ina gcónaí sa tseanchuid den phríosún, bhí rochtain an-teoranta acu ar an gcóras gearán príosúnach toisc nach raibh aon bhoscaí gearán ná aon fhoirmeacha gearán ar fáil ar na

léibhinn. Bhí an mhuinín as an gcóras gearán thar a bheith íseal, agus gan ach 4% de na freagraithe is príosúnaigh (naonúr as 229 bhfreagraí) ag tuairisciú go raibh ag éirí leis an gcóras.

Bhí saoráidí oiliúna oibre sármhaithe agus fairsinge ar fáil i bPríosún Chruithneachtáin. Mar sin féin, bhí tearcúsáid á baint as na saoráidí sin, agus ní raibh an acmhainn le haghaidh socrúcháin oiliúna oibre in ann freastal ar dhaonra an phríosúin. An 19 Meitheamh 2025, bhí 166 phríosúnach i mbun oibre – figiúr nach raibh cothrom ach le 24% den daonra iomlán.

Bhí ceithre réimse dhéag d'obair riachtanach agus d'oiliúint oibre ann. Díobh sin, bhí trí cinn dúnta ar feadh fadtéarma, agus bhí tionchar ag dúntaí ar dhá cheann go rialta. I measc na dtosca ba chúis le dúntaí bhí an líon ard post folamh do na hOifigigh Oiliúna Oibre a bhí ag teastáil chun formhaoirseacht a dhéanamh ar na ceardlanna sin agus chun deimhniúchán a sholáthar. Tráth na cigireachta, ní raibh oiliúint dheimhnithe á cur ar fáil ach amháin ag ceardlann amháin. Tá deimhniúchán ina chuid riachtanach de chabhrú le hionchais fostaíochta an phríosúnaigh ar a scaoileadh saor.

Ba rud dearfach é a thabhairt faoi deara gur suiteáladh fóin inchillín i ngach cillín. Mar sin féin, tá fad na nglaonna fóin, a bhfuil teorainn sé nóiméad leis, fós róghearr chun tacú le teagmháil leis an teaghlach. Leanfaidh an Chigireacht d'aird Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a tharraingt ar an tsaincheist sin.

3. Príosún an Chaisleáin Riabhaigh (Cigireacht Ghinearálta, 8 Meán Fómhair 2025 – 16 Meán Fómhair 2025)

Rinneadh cigireacht ghinearálta neamhfhógartha i bPríosún an Chaisleáin Riabhaigh ón 8 Meán Fómhair go dtí an 16 Meán Fómhair 2025. An 8 Meán Fómhair 2025, arbh é an chéad lá den chigireacht é, bhí an príosún ag feidhmiú ag toilleadh 119% agus bhí 442 dhuine faoi choimeád. Díobh sin, bhí 35 dhuine ag codladh ar thochtanna ar na hurláir.

Bhí éagsúlacht shuntasach ann sna dálaí maireachtála ar fud an phríosúin. Bhí na dálaí ar fheabhas sa chóiríocht nua in Aonad an Gharráin, inar cuireadh seomraí duine amháin ar fáil. Rinneadh an taobh amuigh de na tithe a bhí ann cheana ag Aonad an Gharráin a athphéinteáil, ach bhí deisiúcháin phráinneacha agus athchóiriú práinneach ag teastáil ón taobh istigh de roinnt de na tithe sin.

Sa phríomhphríosún, bhí plódú ag cur isteach go mór ar Rannán A, agus 26 fhear ag codladh ar thochtanna ar na hurláir. Bhí an rochtain ar chithfholcadáin an-lag, agus naoi gcithfholcadán ann chun freastal ar thart ar 239 bhfear.

Sa tuarascáil ar a chuairt sa bhliain 2024 ar Phríosún an Chaisleáin Riabhaigh, luaigh an Coiste Eorpach chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc (CPT) de chuid Chomhairle na hEorpa gur féidir gurb ionann dálaí coinneála na ndaoine leochaileacha a choinnítear i Rannáin C1 agus C2 agus íde atá mídhaonna agus táireach. Bhreathnaigh an Chigireacht nach ndearnadh aon athruithe ar na Rannáin sin ó chuairt CPT i leith.

Bhí cáilíocht an bhia i bPríosún an Chaisleáin Riabhaigh ar fheabhas agus is mór an moladh é go raibh amanna béilí fós ag teacht le hamanna sa phobal. Sa réimse sin, tá Príosún an Chaisleáin Riabhaigh ina eiseamláir do phríosúin eile.

Bhí réim ríshriantach ag roinnt gnáthphríosúnach i Rannán A agus, faoi mar a bhí amhlaidh i bpríosúin eile ar fud an eastáit, bhí an córas do phríosúnaigh faoi Riail 63 (cosaint) i Rannán B an-sriantach. Tugadh le fios in athbhreithniú ar thaifid a coinníodh ar na léibhinn go bhfuair fir faoi chosaint idir 15 nóiméad agus 75 nóiméad d'am lasmuigh den chillín in aghaidh an lae. Bhí an t-am a bhíothas ag caitheamh lasmuigh den chillín ar léibheann A1 teoranta go ginearálta d'uair an chloig sa chlós in aghaidh an lae, agus rochtain an-teoranta ann ar ghníomhaíocht fhiúntach. An 8 Meán Fómhair 2025, mar shampla, b'amhlaidh, as na 73 fhear a raibh cóiríocht á cur ar fáil dóibh ansin, nár fhreastail ach seachtar ar an scoil agus nár fhreastail ach 13 phríosúnach ar an ngiomnáisiam; bhí na 53 phríosúnach eile fós faoi ghlas ina gcillín.

Maidir le measúnú riosca, bhí ganntanas faisnéise ann maidir le naisc le príosúnaigh eile a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt nó a bhféadfadh príosúnaigh atá ag teacht isteach a bheith ina mbagairt orthu. Ina theannta sin, ní raibh aon nasc ann idir faisnéis den chineál sin agus sonraí maidir leis an gclaonadh roimhe sin dul i mbun foréigin i gcás príosúnaigh a bhí ag teacht isteach sa bhunaíocht príosúin.

Ar an iomlán, fuair an fhoireann cigireachta amach go raibh an coimeád taifead go dona. B'easnamhach a bhí an taifeadadh ar chinnteoireacht maidir le socrúchán ar Riail 63; i gcásanna áirithe, níor taifeadadh aon chúiseanna leis an socrúchán. Bhí beagán fianaise ann, nó ní raibh aon fhianaise ann, ar athbhreithnithe rialta. Bhí gá ann freisin le feabhas a chur ar cháilíocht an tuairiscithe ar Úsáid Fornirt. Tríd is tríd, bhí faisnéis theoranta ann i dtuarascálacha oibríochtúla agus i ráitis oibríochtúla ó oifigigh. Ina lán cásanna, ní raibh na sonraí leordhóthanach chun a chur ar

chumas an lucht bainistíochta a chinneadh an raibh an leibhéal fornirt a úsáideadh riachtanach, dleathach agus comhréireach sna himthosca nó nach raibh.

Tá treoirscéim Chlár Sláinte agus Sábháilteachta Phríosún an Chaisleáin Riabhaigh ina tionscnamh dearfach a tugadh isteach agus a d'fhéadfadh formhaoirseacht bainistíochta níos fearr a sholáthar ar theagmhais thromchúiseacha sa phríosún. Mar chuid d'fhorbairt an chórais, áfach, is gá bearta a dhéanamh chun a chinntiú go ndéantar ráitis a sholáthraíonn oifigigh faoi na himthosca inar úsáid siad forneart a uaslódáil isteach ar an gclár agus ar NIMS.

Le linn na cigireachta, chuir go leor daoine a bhí ina gcónaí sa phríosún ábhair imní in iúl don fhoireann cigireachta maidir le rochtain ar chúram sláinte, agus aird á tarraingt acu ar agaí fada feithimh agus ar chealú coinní seachtracha. Bhí rochtain theoranta ann dóibh siúd a raibh gnáthábhair imní acu. Tugadh tús áite do chimithe nua agus do chásanna práinneacha. Mar sin féin, bhí othair eile ag feitheamh ar feadh roinnt míonna chun coinne le dochtúir a fháil. Ba chosúil nach raibh aon taifeadadh córasach ann ar an bhfad ama a bhí othair aonair ag feitheamh. Dá bharr sin, ní féidir a mheas go léirítear go cruinn i meánfhad an aga feithimh a chuir an fhoireann cúram sláinte in iúl don Chigireacht (3 seachtaine) an t-eispéireas a bhí ag go leor othar i bPríosún an Chaisleáin Riabhaigh.

Maidir le coinní seachtracha, is ábhar imní é an líon uaireanta nár freastalaíodh ar choinní ospidéil mar gheall ar an easpa fála ar bhaill foirne príosúin le haghaidh tionlacain. Mar shampla, níor leanadh le coinne amháin as gach sé choinne sheachtracha ospidéil a bhí sceidealaithe i ráithe 1 agus i ráithe 2 den bhliain 2025 toisc nárbh fhéidir tionlacan a chur ar fáil mar gheall ar an líon foirne. Cé gur féidir go ndéanfar coinní a athsceidealú, tá iarmhairtí díobhálacha suntasacha ag cealú coinní ar an soláthar cúram sláinte agus ar phrognóis na n-othar.

Bhí an rochtain ar an bhfiaclóir an-lag. Is é lá amháin in aghaidh na míosa an t-am insroichte fiaclóireachta atá ann faoi láthair. Tráth na cigireachta, bhí 176 dhuine ar an liosta feithimh don fhiaclóir – nó beirt as gach cúigear príosúnach i bPríosún an Chaisleáin Riabhaigh. B'ionann an t-aga feithimh measta agus tréimhse idir 12 mhí agus 18 mí.

Níor leor an líon oifigeach príosúin a bhí curtha chuig an lialann agus chuig an bpasáiste insroichte chun úsáid éifeachtach a bhaint as an am a chaith na seirbhísí le cliaint. Ba cheart acmhainní foirne breise a leithdháileadh ar na réimsí sin.

Cé go bhfáiltíonn an Chigireacht roimh phleananna an lucht bainistíochta chun tús áite a thabhairt do ghníomhaíocht a bhfuil cuspóir léi, go háirithe obair agus oiliúint, is ar éigean a bhí roinnt saoráidí tábhachtacha amhail an tAonad Eachaí á n-úsáid tráth na cigireachta. Ní raibh aon limistéar áineasa

faoi dhíon ann d'fhir ar Rannán A agus ní raibh aon limistéir áineasa in úsáid d'fhir ar Rannáin B agus C.

Bhí tionchar ag 13 fholúntas d'Oifigigh Oiliúna Oibre ar chumas an phríosúin chun oiliúint oibre chomhsheasmhach leanúnach a sholáthar. Ní raibh aon Phríomhoifigeach Oibre agus Oiliúna buan ann tráth na cigireachta. An 10 Meán Fómhair 2025, bhí rochtain ag 41% (184/446) de na príosúnaigh ar chineál éigin gníomhaíochta oibre agus oiliúna. I bhfianaise na hardtosaíochta atá an príosún ag tabhairt do ghníomhaíochtaí oiliúna oibre a chur chun cinn, tá gá ann leis an líon spásanna oiliúna oibre atá ar fáil a mhéadú. Bhí beagán deimhniúcháin ar fáil d'fhir in obair agus in oiliúint, agus thacódh rochtain mhéadaithe ar dheimhniúchán le forbairt phearsanta agus le rochtain ar fhostaíocht ar a scaoileadh saor. Ní raibh aon ghníomhaíocht oiliúna oibre ann d'fhir a bhí faoi chosaint.

Bhí lucht bainistíochta an phríosúin tiomanta don ionad oideachais a choinneáil ar oscailt, agus ba rud dearfach é nár dúnadh an scoil ach beagán uaireanta. Bhí comhsheasmhacht ann freisin maidir leis na hoifigigh a bhí curtha chuig an scoil. Ba rud dearfach é go raibh na fir in Aonad an Gharráin in ann leas a bhaint as ranganna oíche agus as soláthar oideachais ag an deireadh seachtaine agus go raibh siad in ann rochtain a fháil ar sheirbhísí amhail an Chros Dhearg, agus cruinnithe Alcólaigh gan Ainm agus Támhshuanaigh gan Ainm, mar shampla.

4. An tAosú sa Phríosún (Cigireacht Théamach, a tosaíodh an 13 Samhain 2025)

Tá méadú seasta ag teacht ar an gcion de dhaoine scothaosta laistigh den chóras príosún in Éirinn le roinnt blianta anuas.

Tá an aois ag a meastar duine a bheith 'scothaosta' i gcomhthéacs príosúin difriúil ón tairseach a úsáidtear sa phobal i gcoitinne. Tá sé sin amhlaidh go príomha mar gheall ar choincheap 'an aosaithe luathaithe'.[2] Ar an gcúis sin, ba iad na critéir aoise a úsáideadh don chigireacht théamach ná 50 bliain d'aois nó níos sine.

Bhí sé mar aidhm le Cigireacht Théamach na Cigireachta breathnú ar riachtanais an phobail príosúnach scothaosta. Dhírigh an Fhoireann Cigireachta go háirithe ar dhá réimse dírithe cigireachta

[2] Fulaingíonn daoine i bpríosún 'aosú luathaithe', rud a fhágann go bhféadfadh go mbeadh duine atá sna caogaidí thíos leis an gcuma fhisiciúil agus leis na fadhbanna sláinte a bheadh ar dhuine, nó a bheadh ag duine, atá 10 mbliana ar a laghad níos sine sa phobal. Féach "In Here, Time Stands Still": The Rights, Needs and Experiences of Older People in Prison ó Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil (2016).

faoin gCreat Cigireachta (2024), Creat le haghaidh Cigireacht a Dhéanamh ar Phríosúin in Éirinn – Meas agus Dínit, agus Sláinte agus Folláine.

Rinneadh an chigireacht fhógartha sin ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus oibleagáidí an Dualgais Earnála Poiblí á gcur san áireamh.[3]

Ba iad seo a leanas cuspóirí na cigireachta téamaí:

- Taithí an chohóirt sin, lena n-áirítear na tosca riosca agus cosantacha a bhaineann le bheith mar dhuine scothaosta sa chóras príosún.
- Cé acu atáthar nó nach bhfuiltear ag seasamh le cearta agus dínit daoine scothaosta sa phríosún agus cé acu atá nó nach bhfuil na cearta agus an dínit sin á n-urramú, lena n-áirítear oiriúnacht na timpeallachta príosúin, a gcumas chun páirt iomlán a ghlacadh sa réim, agus ullmhúcháin do scaoileadh saor.
- Cé acu atá nó nach bhfuil riachtanais cúram sláinte an chohóirt sin á gcomhlíonadh maidir le hacmhainní, le beartas, agus le cleachtas, lena n-áirítear cleachtais maidir le hullmhú do dheireadh an tsaoil.

Bhí siad seo i measc na réimsí a scrúdaíodh le linn cuairteanna láithreáin ar phríosúin: bonneagar agus réim an phríosúin, dúshláin cúram sláinte, cúram maolaitheach, agus dúshláin a bhaineann leis an scaoileadh saor agus leis an athlonnú.

Thug an Chigireacht cuairteanna láithreáin ar Phríosún an Láir Tíre, ar an Aonad Oiliúna, agus ar Ionad Dóchas.

Tar éis iarrachtaí a rinneadh cur isteach ar neamhspleáchas oibríochtúil na foirne cigireachta i bPríosún an Láir Tíre an 13 Samhain agus an 14 Samhain 2025, scríobh an Príomhchigire Príosún chuig Rialtóir Phríosún an Láir Tíre agus chuig Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Rinneadh tuilleadh iarrachtaí cur isteach ar neamhspleáchas oibríochtúil na foirne cigireachta in Ionad Dóchas an 18 Samhain 2025, rud a d'fhág gur eisigh an Príomhchigire Príosún Fógra Reachtúil Imní (féach Aguisín B). Cé gur cuireadh cruinniú ar siúl ag Ceanncheathrú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann leis an Ard-Stiúrthóir agus lena foireann, agus cé gur malartaíodh méid fairsing comhfhreagrais, bhí an droch-chás sin fós gan réiteach ag deireadh na bliana.

Fionnachtana an tSuirbhé Théamaigh ar fud Chigireachtaí Ginearálta na bliana 2025 (Príosún Chruithneachtáin agus Príosún an Chaisleáin Riabhaigh)

[3] Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Mar chuid de na Cigireachtaí Ginearálta neamhfhógartha iomlána a rinne an Chigireacht idir mí an Mheithimh agus mí Mheán Fómhair 2025, chomhlánaigh 454 dhuine i bpríosún agus 267 mball foirne oibriúcháin agus seirbhíse suirbhéanna cigireachta na Cigireachta.

Rinneadh suirbhéanna ar phríosúnaigh trí úsáid a bhaint as táibléid dhigiteacha shlána. Ba ar shuíomh Gréasáin na Cigireachta a óstáladh na suirbhéanna ar bhaill foirne. Trí úsáid a bhaint as suirbhéanna leictreonacha, cuireadh ar chumas na Cigireachta línte féideartha fiosrúcháin a shainaithint le linn cigireachtaí, agus tugadh modh anaithnid ina bhféadfadh príosúnaigh agus baill foirne dul i dteagmháil leis an gCigireacht.

Leis na suirbhéanna, gabhadh faisnéis dhéimeagrafach faoin dá chohórt, chomh maith le faisnéis faoin eispéireas ar a bheith ag cónaí agus ag obair sna príosúin. Rianaíonn an Chigireacht freagraí suirbhé le himeacht ama chun athruithe féideartha i bpríosúin shonracha a shuí.

Sa bhliain 2025, dheimhnigh an Chigireacht roinnt téamaí a d'eascair as fionnachtana suirbhé roimhe sin sa dá phríosún a ndearnadh cigireacht orthu.

1. Nósanna Imeachta Casaoide

Thug na príosúnaigh agus na baill foirne araon a thug freagra ar an suirbhé le fios go raibh drogall mór orthu gabháil do nósanna imeachta casaoide. Thuairiscigh triúr as gach cúigear i bpríosún a chomhlánaigh suirbhé na Cigireachta (63%, 271 duine de 430 duine) nár mheas siad é a bheith sábháilte gearán a dhéanamh sna príosúin. Níor chreid ach 21% de na príosúnaigh a thug freagra ar an suirbhé (89 nduine de 430 duine) go n-oibríonn an córas gearán go maith.

63%
of prisoners surveyed by the OIP **did not feel safe making complaints in prison**

Thuairiscigh beirt as gach cúigear ball foirne a thug freagra ar an suirbhé (42%, 101 duine de 240 duine) nach mbeadh siad ar a gcompord casaoidí oibre a chur in iúl sna príosúin.

2. An tEispéireas ar a bheith ag Obair i bPríosúin

82%
of staff surveyed by the OIP **believed prisoner rehabilitation was an important part of the their job**

Bhí níos lú ná leath na mball foirne oibriúcháin agus seirbhíse a ndearnadh suirbhé orthu sa dá phríosún a ndearnadh cigireacht orthu (45%, 110 nduine de 246 duine) sásta le cáilíocht a saoil oibre, agus thuairiscigh 58% (141 duine de 242 dhuine) gur bhraith siad sábháilte agus iad ag obair sna príosúin.

Dúirt beirt as gach cúigear ball foirne a thug freagra ar an suirbhé (42%, 99 nduine de 236 dhuine) go raibh siad ag tnúth le teacht chun na hoibre sna príosúin, agus bhraith 82% (195 dhuine de 237 nduine) go bhfuil athshlánú daoine i bpríosún ina chuid thábhachtach dá bpost.

Chuir baill foirne tuairimí measctha in iúl faoi strus oibre. Dúirt 38% (92 dhuine de 245 dhuine) go raibh siad sásta leis an strus a bhíonn orthu ag an obair, agus dúirt 44% (109 nduine de 245 dhuine) go raibh siad míshásta leis sin.

Thuairiscigh baill foirne príosúin a chomhlánaigh an suirbhé go raibh siad sásta leis an méid oiliúna a bhí faighte acu i réimsí amhail rialú agus srianadh (58%, 123 dhuine de 219 nduine), cearta an duine

(37%, 85 dhuine de 227 nduine) agus trealamh cosanta pearsanta (41%, 91 duine de 221 duine). Mar sin féin, níor bhraith go leor baill foirne go raibh siad sásta leis an oiliúint a bhí faighte acu [nó leis an easpa oiliúna a bhí faighte acu] i ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac (70%, 70 duine [+85 dhuine] de 223 dhuine). Níor bhraith ach mionlach na mball foirne go raibh siad sásta leis an oiliúint a bhí faighte acu in obair le príosúnaigh a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu (14%, 31 duine de 218 nduine). Ar an dul céanna, thuairiscigh níos lú ná an ceathrú cuid de bhaill foirne go raibh siad sásta leis an oiliúint a bhí faighte acu in Athbheochan Chardascamhógach/i nGarchabhair (23%, 52 dhuine de 222 dhuine) agus ní raibh ach mionlach na mball foirne sásta leis an oiliúint a bhí faighte acu i bhforéigean inscnebhunaithe (14%, 31 duine de 225 dhuine).

3. An tEispéireas ar a bheith ag Cónaí i bPríosúin

Ar an iomlán, bhraith beirt as gach cúigear de na príosúnaigh a thug freagra ar an suirbhé (41%, 175 dhuine de 427 nduine) go raibh siad sábháilte agus iad i bpríosún.

De na 436 phríosúnach a thug freagra ar an suirbhé, thuairiscigh 31% (134 dhuine) go gcaitheann siad níos lú ná dhá uair an chloig lasmuigh dá gcillín ar ghnáthlá den tseachtain. Thuairiscigh triúr as gach deichniúr príosúnach (37%, 160 duine de 436 dhuine) go gcaitheann siad idir dhá uair an chloig agus cúig huaire an chloig lasmuigh dá gcillín gach lá.

Líomhain formhór na bpríosúnach a thug freagra ar an suirbhé (61%, 185 dhuine de 305 dhuine) gur bhraith siad go ndearnadh idirdhealú orthu sna príosúin.



Ba é an t-idirdhealú ba mhó a tuairiscíodh ná idirdhealú a bhí bunaithe ar a bheith mar dhuine den Lucht Siúil (21%, 63 dhuine as 305 dhuine), agus, ina dhiaidh sin, idirdhealú a bhí bunaithe ar Náisiúntacht (15%, 47 nduine de 305 dhuine) agus ar Chine/Eitneacht (12%, 38 nduine de 305 dhuine).

Maidir leis na príosúnaigh a thug freagra ar an suirbhé agus a thug le fios gur tháinig siad ó Lucht Siúil na hÉireann, ón bpobal Romach, ó Aon Chúlra Geal Eile, ón bPobal Gorm, ón bpobal Áiseach nó ó phobal Eile, lenar áiríodh daoine ó ghrúpaí/cúlraí measctha, níorbh ionann an t-eispéireas a thuairiscigh siad ar an bpríosúnacht agus é sin a thuairiscigh daoine ó Chúlra Éireannach Geal.

- Cé gur thug níos lú ná leath na bhfreagraithe Éireannacha Geala (46%, 78 nduine de 169 nduine) le fios go ndearnadh idirdhealú orthu sna príosúin ar fhoras amháin nó níos mó, thuairiscigh 79% de na freagraithe a tháinig ó Lucht Siúil na hÉireann, ón bpobal Romach, ó Aon Chúlra Geal Eile, ón bPobal Gorm, ón bpobal Áiseach nó ó phobal Eile, lenar áiríodh daoine ó ghrúpaí/cúlraí measctha (96 dhuine de 121 duine), go ndearnadh idirdhealú orthu.

- Thuairiscigh 53% de na freagraithe Éireannacha Geala (139 nduine de 262 dhuine) go raibh post acu sa phríosún, i gcomparáid le 50% (69 nduine de 138 nduine) de na freagraithe a tháinig ó Lucht Siúil na hÉireann, ón bpobal Romach, ó Aon Chúlra Geal Eile, ón bPobal

Gorm, ón bpobal Áiseach nó ó phobal Eile, lenar áiríodh daoine ó ghrúpaí/cúlraí measctha. Mar an gcéanna, chuir 49% de na freagraithe Éireannacha Geala (128 nduine de 262 dhuine) in iúl gur fhreastail siad ar scoil sna príosúin, i gcomparáid le 51% (70 duine de 137 nduine) de na freagraithe a tháinig ó Lucht Siúil na hÉireann, ón bpobal Romach, ó Aon Chúlra Geal Eile, ón bPobal Gorm, ón bpobal Áiseach nó ó phobal Eile, lenar áiríodh daoine ó ghrúpaí/cúlraí measctha.

- Thuairiscigh leath na bhfreagraithe Éireannacha Geala, beagnach (47%, 118 nduine de 249 nduine), gur chaith baill foirne go cothrom leo, i gcomparáid le 38% (48 nduine de 128 nduine) de na freagraithe a tháinig ó Lucht Siúil na hÉireann, ón bpobal Romach, ó Aon Chúlra Geal Eile, ón bPobal Gorm, ón bpobal Áiseach nó ó phobal Eile, lenar áiríodh daoine ó ghrúpaí/cúlraí measctha.

- Thuairiscigh níos lú ná an cúigiú cuid de na príosúnaigh a thug freagra ar an suirbhé (18%, 24 dhuine de 134 dhuine) agus a tháinig ó Lucht Siúil na hÉireann, ón bpobal Romach, ó Aon Chúlra Geal Eile, ón bPobal Gorm, ón bpobal Áiseach nó ó phobal Eile, lenar áiríodh daoine ó ghrúpaí/cúlraí measctha, gur mheas siad é a bheith sábháilte gearán a dhéanamh. Thug níos lú ná an ceathrú cuid de na freagraithe Éireannacha Geala (22%, 56 dhuine de 256 dhuine) an freagra céanna.

- Chuir dhá thrian de na freagraithe Éireannacha Geala (66%, 172 dhuine de 262 dhuine) agus trí cheathrú, beagnach (73%, 101 duine de 139 nduine) de na freagraithe a tháinig ó Lucht Siúil na hÉireann, ón bpobal Romach, ó Aon Chúlra Geal Eile, ón bPobal Gorm, ón bpobal Áiseach nó ó phobal Eile, lenar áiríodh daoine ó ghrúpaí/cúlraí measctha, in iúl go gcaitheann siad suas le 19 n-uaire an chloig ar a laghad laistigh dá gcillín gach lá.

Imscrúduithe

Básanna a Imscrúdaíodh sa bhliain 2025

Sa bhliain 2025, tháinig 14 bhás faoi raon feidhme shainchúram na Cigireachta lena n-imscrúdú. Is laghdú suntasach é sin i gcomparáid leis an mbliain 2024, nuair a taifeadadh 31 bhás, a bhí ar an líon ab airde a imscrúdaíodh in aon bhliain ar leith ó thosaigh an Chigireacht ag imscrúdú básanna i mí Eanáir 2012. Meastar an laghdú 17 mbás, arb ionann é agus laghdú 55%, a bheith suntasach. Tá an Chigireacht den tuairim gur féidir an laghdú sin a chur síos go páirteach do chur chun feidhme na moltaí maidir le Básanna faoi Choimeád a d'eascair as tuarascálacha imscrúdaithe foilsithe ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Tá miondealú ar na básanna a imscrúdaíodh sa bhliain 2025 tugtha i dTábla x.

Tábla 1: Básanna faoi Choimeád sa bhliain 2025

Príosún	Líon Iomlán	Bás faoi Choimeád Príosúin	Bás san Ospidéal	Bás laistigh de Mhí Amháin ó Scaoileadh Saor Sealadach
Príosún Chnoc an Arbhair	**3**		**3**	
An Phríomh-Chúirt Choiriúil (nuair a bhíothas	**1**	**1**		

faoi choimeád Sheirbhís Phríosúin na hÉireann)				
Príosún Chorcaí	**2**			**2**
Ionad Dóchas	**1**		**1**	
Teach an Locháin	**1**			**1**
Príosún an Láir Tíre	**5**	**3**	**1**	**1**
Príosún Mhuinseo (an tAonad Oiliúna)	**1**		**1**	
Iomlán	**14**	**4**	**6**	**5**

Sa bhliain 2025, taifeadadh bás amháin i bpríosún ban, bás amháin i bpríosún oscailte fear, agus bás amháin a bhain le príosúnach agus é in ionad cillíní na Príomh-Chúirte Coiriúla. Bhí an duine is óige a fuair bás 21 bhliain d'aois agus bhí an duine is sine a fuair bás 82 bhliain d'aois. Bhain deich gcinn de na himscrúduithe le daoine aonair a bhí os cionn 55 bliana d'aois, a raibh cúigear díobh os cionn 70 bliain d'aois.

Na cuspóirí atá leis na hImscrúduithe ar Bhásanna faoi Choimeád

Is iad seo a leanas na cuspóirí atá leis na himscrúduithe ar bhásanna faoi choimeád:

- Na himthosca agus na heachtraí a bhí taobh thiar den bhás a shuí, lena n-áirítear an cúram a sholáthair Seirbhís Phríosúin na hÉireann;
- Scrúdú a dhéanamh ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh aon athruithe ar na modhanna oibríochtúla, na beartais, na cleachtais nó na socruithe bainistíochta atá i bhfeidhm ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann cabhrú le bás den chineál céanna a chosc sa todhchaí;
- A chinntiú go mbeidh deis ag neasghaol an phríosúnaigh aon ábhair imní atá aige/aici a chur in iúl, agus na hábhair imní sin a chur san áireamh san imscrúdú; agus
- Cabhrú le himscrúdú an Chróinéara agus rannchuidiú leis na hoibleagáidí atá ar an Stát faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a chomhlíonadh, trína chinntiú, a mhéid is féidir, go dtabharfar na fíorais iomlána chun solais, go nochtfar aon teip iomchuí, go sainaithneofar aon chleachtas inmholta, agus go bhfoghlaimeofar aon cheachtanna ón mbás.

Bualadh leis an Teaghlach/an Neasghaol

Chun a chinntiú go mbíonn deis ag teaghlach nó neasghaol an phríosúnaigh aon ábhair imní a chur in iúl, cuireann baill den fhoireann imscrúdaithe iad féin ar fáil chun bualadh leis an teaghlach nó leis an neasghaol tamaillín tar éis bhás a ngaoil. Roghnaíonn roinnt teaghlach dul i mbun an phróisis sin, agus roghnaíonn teaghlaigh eile gan déanamh amhlaidh. Ar fud an imscrúdaithe, déanann an Chigireacht a dícheall aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna nó ábhair imní a chuireann an neasghaol in iúl.

Tairgtear dara cruinniú leis an neasghaol go gairid roimh fhoilsiú na tuarascála imscrúdaithe. Is é cuspóir an chruinnithe sin a chur in iúl go bhfoilseofar an tuarascáil go luath agus breac-chuntas ginearálta a thabhairt ar fhionnachtana an imscrúdaithe, lena n-áirítear cé acu atá nó nach bhfuil aon mholtaí inti.

Tar éis don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce tuarascáil imscrúdaithe maidir le Bás faoi Choimeád a fhoilsiú, tugtar cóip den tuarascáil anaithnidithe don neasghaol.

Foilseacháin agus Moltaí maidir le Básanna faoi Choimeád sa bhliain 2025

Cé go bhfuil an Chigireacht neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna, níl aon údarás reachtúil aici a tuarascálacha imscrúdaithe a fhoilsiú go neamhspleách. Le linn na bliana 2025, cuireadh 21 tuarascáil imscrúdaithe faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce lena bhfoilsiú. Bhí 17 dtuarascáil foilsithe faoi dheireadh na bliana. Ag an 31 Nollaig 2025, bhí 13 thuarascáil imscrúdaithe san iomlán fós le foilsiú ag an Aire. Is tugtha i dTábla X atá mionsonraí faoi na tuarascálacha a foilsíodh.

Tábla 2: Moltaí maidir le Básanna faoi Choimeád a Rinneadh i dTuarascálacha a Foilsíodh sa bhliain 2025

Príosún	Tagairt Oifig an Chigire Príosún	Bás sa Phríosún	Bás san Ospidéal	Scaoileadh Saor Sealadach	An Líon Moltaí
Príosún Mhuinseo	**An tUas. A 2023**		**X**		**1**
Príosún Chruithneachtáin	**An tUas. B 2023**	**X**			**1**
Príosún Luimnigh	**An tUas. C 2023**	**X**			**8**
Príosún an Chaisleáin Riabhaigh	**An tUas. D 2023**	**X**			**4**
Príosún Luimnigh	**An tUas. E 2022**	**X**			**0**
Príosún Luimnigh	**An tUas. G 2023**			**X**	**0**
Príosún Mhuinseo	**An tUas. H 2022**		**X**		**2**
Príosún Luimnigh	**An tUas. L 2020**	**X**			**7**
Príosún an Láir Tíre	**An tUas. L 2023**				**5**
Príosún an Chaisleáin Riabhaigh	**An tUas. M 2020**			**X**	**4**

Príosún an Láir Tíre	**An tUas. M 2022**	**X**			**0**
Príosún Chnoc Seimre	**An tUas. O 2022**	**X**			**5**
Príosún an Láir Tíre	**An tUas. P 2022**		**X**		**4**
Príosún Chruithneachtáin	**An tUas. Q 2022**	**X**			**1**
Príosún Mhuinseo	**An tUas. S 2024**			**X**	**0**
Príosún an Láir Tíre	**An tUas. T 2023**			**X**	**0**
Príosún Chorcaí	**An tUas. V 2022**			**X**	**1**

Iarrtar ar Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann cruinneas fíorasach gach tuarascála imscrúdaithe maidir le Básanna faoi Choimeád a dheimhniú sula gcuirtear an tuarascáil deiridh faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce go foirmiúil.

I gcás go meastar gur cuí é seo, cuirtear moltaí lena mbreithniú ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar áireamh i dtuarascálacha imscrúdaithe maidir le Básanna faoi Choimeád. Iarrtar ar an Ard-Stiúrthóir a dheimhniú cé acu a ghlactar, a ghlactar go páirteach, nó nach nglactar, leis na moltaí atá i ngach tuarascáil. Maidir le moltaí a nglactar leo nó a nglactar go páirteach leo, iarrtar ar an Ard-Stiúrthóir freisin Plean Gníomhaíochta a sholáthar ina leagtar amach na bearta atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí sin. I gcás nach nglactar le moladh, iarrtar ar an Ard-Stiúrthóir na cúiseanna leis an gcinneadh sin a thabhairt.

Cuirtear Pleananna Gníomhaíochta a fhorbraíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann mar fhreagairt do na moltaí faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, agus foilsítear iad ar shuíomh Gréasáin na Cigireachta i gcomhar leis na tuarascálacha imscrúdaithe iomchuí.

Mar atá leagtha amach i dTábla 2, bhí 43 mholadh san iomlán lena mbreithniú ag an Ard-Stiúrthóir ar áireamh sna 17 dtuarascáil imscrúdaithe a foilsíodh sa bhliain 2025. De na moltaí sin:

- Glacadh le 26 cinn;
- Glacadh go páirteach le 6 cinn; agus
- Níor glacadh le 11 cheann.

Téamaí a d'Eascair as Moltaí

Bhain an chuid is mó de na moltaí a rinneadh sa bhliain 2025 le beartas, le sláinte agus folláine, le coimeád taifead, agus le hoibriú sábháilte príosún, lenar áiríodh bearta chun cosc a chur ar dhrugaí aindleathacha teacht isteach sa chóras príosún. Faoi mar a luadh i mblianta roimhe, lean an Chigireacht de theacht ar bhásanna a bhain le hópóidigh shintéiseacha a bheith ag teacht isteach i

bpríosúin le linn na mblianta 2024 agus 2025. Tháinig méadú suntasach freisin ar mholtaí a bhain le riachtanais liachta na bpríosúnach geiriatrach.

Tá achoimre thíos ar na réimsí is coitianta is cúis le moltaí.

Nósanna Imeachta maidir le Scaoileadh Saor Sealadach

Bhain roinnt moltaí leis an dóigh a n-oibrítear Scaoileadh Saor Sealadach, go háirithe in imthosca ina scaoiltear príosúnaigh a bhfuil fadhbanna andúile acu saor gan tacaí cuí a bheith i bhfeidhm. Measann an Chigireacht go bhfuil cleachtais den sórt sin ag cur isteach ar athshlánú, go gcuireann siad le hatitimeachas, agus go mbaineann siad an bonn de chuspóirí na scéime um Scaoileadh Saor Sealadach. Mar shampla, moladh i dtuarascáil imscrúdaithe amháin gurbh amhlaidh, i gcás go gceanglaítear ar phríosúnach, mar choinníoll de Scaoileadh Saor Sealadach, dul i dteagmháil le seirbhísí pobail nach n-oibríonn ach amháin ar laethanta le linn na seachtaine, ba cheart scaoileadh saor a dhéanamh idir an Luan agus an Déardaoin chun leanúnachas cúraim agus tacaíochta a chinntiú.

Cúram Sláinte

Tá cúram sláinte na bpríosúnach fós ina réimse suntasach imní a eascraíonn as imscrúduithe ar Bhásanna faoi Choimeád, go háirithe maidir le leas príosúnach geiriatrach. I measc na moltaí sa réimse sin bhí, mar shampla, moladh go gcuirfí ábhair imní maidir le trealamh lochtach liachta in iúl láithreach don Phríomhoifigeach Altranais. Bhain moltaí eile leis an dóigh a mbainistítear príosúnaigh atá ag filleadh ón ospidéal agus cinntí doiciméadaithe acu nach ndéanfaí iad a athbheochan, rud lenar tarraingíodh aird ar an ngá atá ann go ndéanfadh baill foirne cúram sláinte príosúin bearta gníomhacha chun a chinntiú go mbeadh cinntí den sórt sin ag teacht le toiliú saorálach feasach an phríosúnaigh agus go ndéanfaí é sin a dhoiciméadú go hiomlán laistigh den Chóras Bainistíochta Cúram Sláinte Príosúin (PHMS).

Coimeád Taifead

Bhí easnaimh ar choimeád taifead fós le feiceáil go soiléir i moltaí a rinneadh le linn na bliana 2025. Ábhar imní ar leith ba ea fionnachtana a bhain le falsú taifead agus le míchruinneas taifead. Chuir an Chigireacht in iúl go soiléir nach mór do lucht bainistíochta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus do chomhlachtaí formhaoirseachta a bheith in ann brath ar shláine agus cruinneas na dtaifead oifigiúil. Rinneadh moltaí lena gceanglaítear ar lucht bainistíochta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann bearta a dhéanamh láithreach chun a chinntiú go gcoimeádfar taifid chuimsitheacha agus chearta. Sainaithníodh saincheisteanna den chineál céanna roimhe sin in imscrúduithe ar Bhásanna faoi Choimeád a bhain leis an Uas. H (2014) agus leis an Uas. D (2019).

An Mheabhairshláinte

Tá meabhairshláinte na bpríosúnach fós ina hábhar mór imní, go háirithe maidir le cé chomh cuí is atá sé daoine aonair a bhfuil drochamhras orthu go ndearna siad mionchionta nó a ciontaíodh i mionchionta, ar daoine iad a bhfuil neamhoird shuntasacha mheabhairshláinte orthu, a chur chun príosúin seachas iad a chur in ospidéil shíciatracha áitiúla. Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin, is dóigh go mbeidh gá le saoráidí dianchúraim atá slán go cuí nó le leapacha ainmnithe laistigh d'ospidéil shíciatracha shibhialta a fhorbairt, agus beidh cur chuige comhordaithe ilghníomhaireachta ag teastáil ina leith.

Mhol an Chigireacht arís nach bhfuil aon údar córasach ann le príosúnaigh a chur in éadaí teasfhulangacha go rialta agus iad á gcoinneáil i gCillín Dlúthmhaoirseachta. Molann an Chigireacht go gcuirfí deireadh leis an gcleachtas sin láithreach. Tá an seasamh sin ag teacht go hiomlán le tuairimí an Choiste Eorpaigh chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a

Chosc (CPT). Meastar gur ábhar imní é an spleáchas leantach ar shocrúchán i gCillíní Dlúthmhaoirseachta do phríosúnaigh a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu agus nach bhfuil aon údar leis ach oiread.

Saincheisteanna maidir le Neasghaolta

Le linn na bliana 2025, tarraingíodh ábhair imní leanúnacha anuas maidir le cruinneas na dtaifead neasghaolta agus maidir le láimhseáil imthosca atruacha, go háirithe i gcás go mbeidh ball teaghlaigh amháin nó níos mó i bpríosún freisin tar éis bás faoi choimeád. Rinneadh moltaí go ndéanfadh Seirbhís Phríosúin na hÉireann athbhreithniú ar a cuid beartas chun cead a thabhairt do bhaill teaghlaigh atá i bpríosún cuairt a thabhairt agus sólás a thabhairt in imthosca den sórt sin.

Chun cruinneas na sonraí faoi neasghaolta a chinntiú, molann an Chigireacht fós go ndéanfaí teagmháil, tráth an chimithe nó a luaithe is indéanta ina dhiaidh sin, leis an neasghaol ainmnithe chun a t(h)oiliú go dtaifeadfar é/í mar neasghaol a dheimhniú agus chun a fhíorú go bhfuil na sonraí a thugtar ceart. Rinneadh moltaí den chineál céanna sna himscrúduithe ar Bhásanna faoi Choimeád a bhain leis an Uas. H (2019) agus leis an Uas. F (2018).

Contrabhanna agus Folú Drugaí

Bhí an fháil ar chontrabhanna i bpríosúin, agus na rioscaí tromchúiseacha a bhaineann le folú inmheánach drugaí aindleathacha, ina dtoisc shuntasach fós in imscrúduithe ar Bhásanna faoi Choimeád sa bhliain 2025. Mar a bhí amhlaidh sa bhliain 2024, rinneadh roinnt moltaí láidre sa réimse sin, a ndearnadh an-chuid díobh sin an athuair sa bhliain 2025. De na 43 mholadh a rinneadh i dtuarascálacha foilsithe, d'eascair 13 cinn as dhá imscrúdú inar tarraingíodh ábhair imní shuntasacha anuas maidir leis an dóigh a mbainistítear príosúnaigh a bhfuil drochamhras orthu go bhfuil drugaí aindleathacha á bhfolú acu laistigh dá gcorp.

Athdhearbhaíonn an Chigireacht a seasamh, i gcomhréir le seasamh CPT, gur cheart do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann beartas atá faoi stiúir an chúraim sláinte a thabhairt isteach chun freagairt do na rioscaí a bhaineann le folú inmheánach drugaí agus contrabhanna eile. I gcás go bhfuil drochamhras ann gur féidir go bhfuil drugaí á bhfolú ag príosúnach laistigh dá c(h)orp, ba cheart do ghairmithe cúram sláinte an chinnteoireacht maidir le maoirseacht agus le cúram a threorú, agus leas á bhaint as measúnú riosca doiciméadaithe. Rinneadh moltaí den chineál céanna san imscrúdú ar an mbás faoi choimeád a d'fhulaing an tUas. I (2020) agus ghlac Seirbhís Phríosúin na hÉireann leo.

Chun feabhas a chur ar an bhfaireachán cúram sláinte in imthosca den sórt sin, mhol an Chigireacht an athuair go ndéanfadh Seirbhís Phríosúin na hÉireann iniúchadh ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht cianfhaireacháin le haghaidh comharthaí beatha laistigh de phríosúin. Rinneadh an moladh sin roimhe seo agus glacadh leis sa tuarascáil a bhaineann leis an Uas. K (2024), a foilsíodh i mí Iúil 2024. Gheall an tArd-Stiúrthóir go mbunófaí foghrúpa chun an teicneolaíocht sin a scrúdú, agus tá an Chigireacht ag súil le fionnachtana na hoibre sin a fháil.

Sábháilteacht agus Slándáil na bPríosúnach

Sainaithníodh úsáid agus feidhmiúlacht na gcóras glaonna cillín ar fud eastát na bpríosún mar leochaileachtaí le linn imscrúduithe ar Bhásanna faoi Choimeád. Tháinig cigirí ar fhianaise ar chur isteach ar shocruithe fuaime in oifigí ranga príosúin, mar aon le fianaise ar chleachtais oibríochtúla neamh-chomhsheasmhacha idir príosúin. D'eisigh an Príomhchigire Fógra um Ghníomhaíocht Láithreach roimhe sin maidir leis an gcóras glaonna cillín i bPríosún Chorcaí, inar tarraingíodh aird ar na rioscaí suntasacha a bhaineann le freagairtí moillithe do ghníomhachtuithe glaonna cillín. Sainaithníodh ábhair imní den chineál céanna freisin sa tuarascáil maidir le Bás faoi Choimeád a bhain leis an Uas. G (2021). D'athdhearbhaigh an Chigireacht a moladh i dtuarascáil imscrúdaithe sa

bhliain 2025 go mbeadh sé ina phríomhdhualgas ar oifigigh phríosúin freagairt go pras d'fhógraí glaonna cillín. Mhol sí freisin go bhforbródh Seirbhís Phríosúin na hÉireann Buan-Nós Imeachta Oibríochta náisiúnta lena rialófaí gníomhachtuithe glaonna cillín, lena n-áirítear caighdeáin náisiúnta a bhunú le haghaidh agaí freagartha. Rinneadh moltaí breise maidir le faireachán, bearta comhlíonta, agus tástáil rialta an trealaimh ghaolmhair ar fad ar fud eastát na bpríosún a chur chun feidhme.

5. Gearáin

Tá ról reachtúil ag an bPríomhchigire Príosún i dtaca le formhaoirseacht ghinearálta a dhéanamh ar Chóras Gearán Príosúnach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Ní feidhm de chuid an Chigire Príosún é gearáin aonair a imscrúdú, ach féadfaidh an Chigireacht na himthosca a bhaineann leis an ngearán a scrúdú más gá sin a dhéanamh chun feidhmeanna na hOifige a chomhlíonadh.

Ar mhaithe le formhaoirseacht mhéadaithe a dhéanamh ar phróiseas ghearáin Chatagóir A, lean an Chigireacht lena nós imeachta maidir le litreacha formhaoirseachta Riail 57 a eisiúint. Eisíonn an Príomhchigire Príosún na litreacha sin chuig Rialtóir na háite coinneála lena mbaineann, chun na hoibleagáidí atá air/uirthi faoi Riail 57 de Rialacha na bPríosún 2007-2020 a mheabhrú dó/di.[4]

Gearáin Chatagóir A

Tá oibleagáidí sonracha tuairiscithe ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann faoi Riail 57(B) maidir le líomhaintí atá de chineál tromchúiseach, amhail ionsaí a dhéanamh ar phríosúnach nó forneart iomarcach a úsáid in aghaidh príosúnaigh, nó drochíde, drochúsáid chiníoch, idirdhealú, imeaglú, bagairtí – i.e., dá ngairtear Gearáin Chatagóir A.

Is tugtha thíos atá miondealú ar ghearáin Chatagóir A (de réir príosúin) ar tugadh fógra don Chigireacht fúthu sa bhliain 2025.

Anailís ar Ghearáin Chatagóir A

Mar atá léirithe i d**Tábla 4**, fuair an Chigireacht fógra faoi 62 cheann de ghearáin Chatagóir A ó phríosúin ar fud eastát príosún na hÉireann sa bhliain 2025. Bhí méadú beag tagtha ar an líon gearán faoi Chatagóir A ó bhí an bhliain 2024 ann.

Tábla 4: Fógraí a tugadh don Chigire Príosún faoi Ghearáin Chatagóir A

	Fógraí faoi Ghearáin Chatagóir A sa bhliain 2025	Fógraí faoi Ghearáin Chatagóir A sa bhliain 2024	Fógraí faoi Ghearáin Chatagóir A sa bhliain 2023	Fógraí faoi Ghearáin Chatagóir A sa bhliain 2022	Fógraí faoi Ghearáin Chatagóir A sa bhliain 2021

[4] Sa litir sin, iarrtar deimhniú á rá go ndearna an Rialtóir na nithe seo a leanas: (a.) a shocrú go gcaomhnófaí aon ábhar iomchuí, lena n-áirítear taifeadtaí TCI, fad a bheadh sé ag teastáil d'aon imscrúdú; (b.) a shocrú go ndéanfaí scrúdú ar an bpríosúnach lena mbaineann agus go dtaifeadfaí aon díobhálacha nó aon loirg agus go dtógfaí grianghraif díobh i gcás go líomhnaítear gur úsáideadh forneart fisiciúil; (c.) a shocrú go dtaifeadfaí ainm gach príosúnaigh, gach baill foirne agus gach duine eile a d'fhéadfadh a bheith ina bhfinnéithe; (d.) a chur in iúl don ghearánach go bhfuil an gearán á imscrúdú agus é/í a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta atá i gceist; agus (e.) An Garda Síochána a chur ar an eolas i ngach cás ina gceanglaítear amhlaidh le dlí.

Príosún Chnoc an Arbhair	0	0	0	0	3
Príosún an Chaisleáin Riabhaigh	5	3	6	3	5
Príosún Chnoc Seimre	16	15	12	3	32
Príosún Chorcaí	7	2	3	5	5
Príosún Luimnigh	4 *(trí cinn ó phríosún na bhfear; ceann amháin ó phríosún na mban)*	4 *(trí cinn ó phríosún na bhfear; ceann amháin ó phríosún na mban)*	7	7	1
Teach an Locháin	0	0	0	0	0
Príosún an Láir Tíre	1	10	19	24	17
Príosún Fear Mhuinseo	5	6	6	10	8
Príosún Ban Mhuinseo – Ionad Dóchas	4	5	4	3	3
Príosún Phort Laoise	3	4	1	12	9
Cór Tionlacain Sheirbhís Phríosúin na hÉireann	5	1	-	-	-
Teach na gCanónach	4	0	0	0	1

Príosún Chruithneachtáin	8	5	6	3	5
IOMLÁN	**62**	**55**	**64**	**70**	**89**

Tugtar i d**Tábla 5** tuilleadh mionsonraí maidir leis na ceanglais um fhógra a thabhairt agus maidir le comhlíonadh Riail 57(B).

Tábla 5: Fógraí de réir Riail 57(B) de Rialacha na bPríosún 2007 – 2020

Riail 57(B) de Rialacha na bPríosún 2007 – 2020	**Líon iomlán a fuarthas sa bhliain 2025**	**Fógraí a Fuarthas i leith na bliana 2025**	**Fógraí a Fuarthas i leith na bliana 2024**	**Fógraí a Fuarthas i leith na bliana 2023**	**Fógraí a Fuarthas i leith na bliana 2022**	**Fógraí a Fuarthas i leith na bliana 2021**	**Fógraí a Fuarthas i leith na bliana 2020**
Fógraí a tugadh faoi ghearáin Chatagóir A	**62**	62	55	0	0	0	0
Thug Rialtóir fógra don Chigireacht laistigh de sheacht lá ó fhógra a fháil faoin ngearán [57B(4)]	**48**	48	49	0	0	0	0
Tugadh fógra don Chigireacht faoi cheapadh							

imscrúdaitheora [57B(5)(a)]	**46**	28	19	21	0	0	0
Mheas Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann an gearán a bheith cráiteach, gan bhunús, nó lasmuigh de raon feidhme na rialach, agus foirceannadh an gearán. Tugadh fógra don Chigireacht faoin gcinneadh agus faoi na cúiseanna leis an gcinneadh [57B(5)(b)]	**7**	7	13	5	0	0	0

Tharraing an príosúnach an gearán siar, agus chinn an tArd-Stiúrthóir gur cheart an t-imscrúdú a fhoirceannadh Sa chás sin, (a) cuireadh Oifig an Chigire Príosún ar an eolas faoi sin nó (b) doiciméadaíodh na cúiseanna leis sin [57B(5)(c)]	**(a) 1** **(b) 1**	(a) 1 (b) 1	(a) 0 (b) 0	(a) 1 (b) 1	(a) 0 (b) 0	(a) 0 (b) 0	(a) 0 (b) 0
Cuireadh an gearán ar aghaidh lena imscrúdú	**44**	54	19	21	0	0	0

Fuair an Chigireacht tuarascáil imscrúdaithe iomlán	**45**	16	11	33	1	0	0
Cuireadh tuarascáil eatramhach faoi bhráid na Cigireachta	**37**	15	14	19	0	0	0
An líon tuarascálacha imscrúdaithe a fuarthas agus ar ina leith a bhí bunús leis an ngearán, a seasadh leis an ngearán nó a seasadh go páirteach leis an ngearán	**6**	3	0	2	0	0	0

Léirítear i d**Tábla 6** a mhéid a chomhlíon Seirbhís Phríosúin na hÉireann oibleagáidí reachtúla a bhaineann le himscrúdú a dhéanamh ar ghearáin Chatagóir A sa bhliain 2024, i gcomparáid le blianta roimhe sin.

Tábla 6: Ceanglais Riail 57B agus Comhlíonadh Riail 57B

Riail 57B de Rialacha na bPríosún **2007- 2020**	**Comhlíonadh 2025 mar %**	**Comhlíonadh 2024 mar %**	**Comhlíonadh 2023 mar %**	**Comhlíonadh 2022 mar %**	**Comhlíonadh 2021 mar %**	**Comhlíonadh 2020 mar %**
Thug Rialtóir fógra don Chigire Príosún laistigh de sheacht lá ó fhógra a fháil faoin ngearán [57B(4)]	77%	89%	86%	95%	84%	81%
Tugadh fógra d'Oifig an Chigire Príosún faoi cheapadh imscrúdaitheora [57B(5)(a)]*	45%	35%	44%	56%	63%	2%
Mheas Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann an gearán a bheith cráiteach, gan bhunús, nó lasmuigh de raon feidhme na rialach, agus foirceannadh an gearán. Tugadh fógra don Chigire Príosún faoin gcinneadh agus faoi na cúiseanna leis an gcinneadh [57B(5)(b)]	100%	100%	100%	100%	100%	100%
Tharraing an príosúnach an gearán siar, agus chinn an tArd-Stiúrthóir gur cheart an t-imscrúdú a fhoirceannadh Sa chás sin, (a) cuireadh Oifig an Chigire Príosún ar an eolas faoi sin nó (b) doiciméadaíodh na cúiseanna leis sin [57B(5)(c)]	(a) 100% (b) 100%	(a) 100% (b) 100%	(a) 100% (b) 100%	(a) 100% (b) 100%	(a) 100% (b) 100%	(a) 100% (b) 100%

Cuireadh an gearán ar aghaidh lena imscrúdú	45%	35%	44%	67%	87%	86%
Fuair Oifig an Chigire Príosún tuarascáil imscrúdaithe iomlán ar ghearáin nua i mbliain ar leith	25%	20%	24%	24%	49%	32%
Fuarthas tuarascáil imscrúdaithe laistigh de trí mhí	4%	9%	7%	17%	24%	3%
Cuireadh tuarascáil eatramhach faoi bhráid Oifig an Chigire Príosún ar ghearáin nua i mbliain ar leith	24%	25%	12%	15%	40%	12%
An líon tuarascálacha imscrúdaithe a fuarthas agus ar ina leith a bhí bunús leis an ngearán nó a seasadh leis an ngearán	4%	0%	0%	17%	13%	8%

*Arna thomhas ón líon cásanna a cuireadh ar aghaidh lena n-imscrúdú i gcoinne cásanna atá ar feitheamh imscrúdaithe

Bunaithe ar na sonraí atá curtha i láthair, tugtar na príomh-shaincheisteanna seo a leanas faoi deara maidir leis an mbliain 2025:

Laghdú sa líon Fógraí a Tugadh faoi Ghearáin Chatagóir A

• Sa bhliain 2025, tháinig laghdú 30% ar an líon fógraí reachtúla a tugadh faoi ghearáin Chatagóir A i gcomparáid leis an mbliain 2021. Mar sin féin, ba mhéadú 8% é sin ó bhí an bhliain 2024 ann.

Gearáin nár tháinig faoi raon feidhme Chatagóir A

• I gcomparáid le blianta roimhe seo, ba ann do roinnt ghearáin Chatagóir A (7 gcinn) ón mbliain 2025 nár tháinig faoi 'raon feidhme' phróiseas ghearáin Chatagóir A, dar le hArd-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Nós Imeachta Gearán Nua agus Níos Fearr?

Ar fud na bliana 2025, bhí táimhe ina sainghné den obair a bhí á déanamh ag an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce chun an córas lochtach gearán príosúnach a ollchóiriú.

Tá sé sin amhlaidh d'ainneoin dhícheall an Ombudsman, Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus Oifig an Chigire Príosún, a bhí ag obair i ndlúthchomhar le chéile chun córas nua agus níos fearr a fhorbairt. Léirítear arís i bhfionnachtana ár suirbhé cigireachta le linn na bliana 2025 nach bhfuil aon mhuinín ag príosúnaigh as an gcóras reatha, agus cúis mhaith acu leis sin.

Mar gheall ar chóras éifeachtach gearán a bheith in easnamh go fóill, lena n-áirítear maidir leis na gearáin is tromchúisí faoi ionsaithe ag baill foirne príosúin, ní féidir ach spreagadh a thabhairt d'oifigigh atá meáite ar dhrochíde a dhéanamh do phríosúnaigh chun a chreidiúint gur féidir leo é sin a dhéanamh gan aon phionós a fháil.

Tá gá le gníomhaíocht phráinneach, ag an leibhéal is airde den Roinn, chun beocht nua a chur sna hathchóirithe sin atá le déanamh le fada an lá.

6. Litreacha ó Phríosúnaigh (Riail 44)

Comhfhreagras Riail 44

Faoi Riail 44(1)(h) de Rialacha na bPríosún 2007-2020, tá duine i bpríosún i dteideal comhfhreagras rúnda le hOifig an Chigire Príosún. Is bealach tábhachtach cumarsáide é comhfhreagras Riail 44, lena gcuirtear ar chumas daoine faoi choimeád aon saincheisteanna a bhíonn ag baint dóibh i bpríosún a chur in iúl. Baintear leas as an bhfaisnéis sin le linn obair chigireachta agus faireacháin na Cigireachta.

Fuair an Chigireacht 56 litir san iomlán ó 39 bpríosúnach aonair sa bhliain 2024. Fuarthas seacht litir ó chomhfhreagraithe gan ainm. Fuarthas litreacha ó 11 phríosún. Is ionann an líon litreacha a fuarthas ná laghdú ar chomhfhreagras Riail 44 i gcomparáid le blianta roimhe sin.

I d**Tábla 7**, léirítear an líon litreacha a fuarthas ó gach príosún sa bhliain 2025, mar aon leis an méid comhfhreagrais a fuarthas sna trí bliana roimhe sin.

Tábla 7: An Líon Litreacha a Fuarthas, de réir Príosúin

Príosún	2025	2024	2023	2022
Príosún Chnoc an Arbhair	6	0	3	8
Príosún an Chaisleáin Riabhaigh	10	1	1	6
Príosún Chnoc Seimre	3	3	1	11
Príosún Chorcaí	1	2	5	2
Ionad Dóchas	1	4	2	6
Príosún Fear Luimnigh	1	6	22	3
Príosún Ban Luimnigh	8	3	8	0
Teach an Locháin	0	0	0	0
Príosún an Láir Tíre	6	47	52	70
Príosún Fear Mhuinseo	13	7	7	6
Príosún Phort Laoise	3	14	5	17
Teach na gCanónach	0	0	1	0
Príosún Chruithneachtáin	4	4	14	13

Iomlán	**56**	**91**	**122**[5]	**142**[6]

Laistigh de litreacha Riail 44, is gnách go scríobhann an comhfhreagraí chun níos mó ná saincheist amháin a chur in iúl. Tá na saincheisteanna is coitianta a cuireadh in iúl i litreacha Riail 44 achoimrithe i d**Tábla 8**, agus aitheantas tugtha do na saincheisteanna príomha, na saincheisteanna tánaisteacha agus na saincheisteanna treasacha a cuireadh in iúl.

Tábla 8: Na Saincheisteanna a Cuireadh in Iúl i Litreacha Riail 44 sa bhliain 2025

Saincheist	Saincheist Phríomha	Saincheist Thánaisteach	Saincheist Threasach	Iomlán na dTarluithe
Dálaí Maireachtála	7	5	0	**12**
Cúram Sláinte	6	4	1	**11**
Aclaíocht agus Áineas	2	1	7	**10**
Oideachas	5	2	0	**7**
Próisis um Scaoileadh Saor	6	0	0	**6**
Réimeanna Srianta	1	5	0	**6**
Teagmháil Teaghlaigh	3	2	0	**5**
Faisnéis	5	0	0	**5**
Scaoileadh Saor Sealadach / Scéimeanna	2	2	1	**5**
Caidrimh idir Baill Foirne agus Príosúnaigh	2	2	0	**4**
Am Lasmuigh den Chillín	3	1	0	**4**
Acmhainní Cúram Sláinte	0	3	0	**3**
Bainistíocht Chomhtháite Pianbhreitheanna	1	2	0	**3**
Comhfhreagras Riail 44	3	0	0	**3**
Úsáid Fornirt	3	0	0	**3**
Próisis Gearán	0	2	0	**2**

[5] Ba sa ghnáthphost a fuarthas litir amháin, gan aon léiriú ar cén príosún as ar tháinig sí. Ní bhfuarthas aon chomhfhreagras eile ón duine lena mbaineann.
[6] Ba sa ghnáthphost a fuarthas litir amháin, gan aon léiriú ar cén príosún as ar tháinig sí. Ní bhfuarthas aon chomhfhreagras eile ón duine lena mbaineann.

Contrabhanna	0	2	0	**2**
Próisis Araíonachta	1	1	0	**2**
Neamh-Idirdhealú	1	1	0	**2**
Foréigean	1	0	1	**2**
Cinnteoireacht atá Bunaithe ar Chúram Sláinte	1	0	0	**1**
Sainchúram Sláinte	0	1	0	**1**
Caidrimh idir Baill Foirne	1	0	0	**1**
Soláthar Foirne	0	0	1	**1**
Oiliúint Oibre	1	0	0	**1**

Dálaí Maireachtála

Fuarthas dhá litir déag ina ndearnadh tagairt do dhrochdhálaí maireachtála, do dhrochshláinteachas, agus do dhrochshláintíocht. Luadh sna litreacha sin fadhbanna maidir le sláinteachas cillíní, le dálaí taise agus fuara i gcillíní, agus leis an easpa foscaidh i gclóis phríosúin le linn drochaimsire. Sainaithníodh i litir eile ó phríosún eile freisin go raibh rochtain theoranta ann ar shaoráidí cithfholctha, rud a d'fhág nach rabhthas in ann leas a bhaint as dóthain ama sa ghiomnáisiam.

Cúram Sláinte

Fuarthas aon litir déag inar cuireadh síos ar fhadhbanna le cúram sláinte sa phríosún. Ba le cúram príomhúil agus leis an easpa tacaíochta don mheabhairshláinte araon a bhain na saincheisteanna a tarraingíodh anuas. Maidir le cúram príomhúil, cuireadh síos i litreacha a fuarthas ar shaincheisteanna a bhain le hathruithe ar chógas a ordaíodh roimhe sin sa phobal, míshástacht leis an teagmháil le baill foirne cúram sláinte, agus deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar an bhfoireann cúraim phríomhúil. I dtrí cinn de na litreacha a fuarthas, scríobh comhfhreagraithe chun cur síos a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag droch-mheabhairshláinte, agus rinne siad cur síos ar dheacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar thacaí riachtanacha meabhairshláinte.

Aclaíocht agus Áineas

Sainaithníodh i ndeich litir a fuarthas sa bhliain 2025 go príomha gur fadhb í gníomhaíocht a bhfuil cuspóir léi. Ba ó dhaoine aonair atá faoi réim shrianta faoi láthair a bhí cúig cinn de na deich litir sin, inar luadh na dúshláin a dtagann siad orthu agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar oideachas, ar limistéir áineasa agus ar an ngiomnáisiam toisc nach féidir leo meascadh le daoine eile. Bhain na litreacha sin le léibheann ar leith i bpríosún amháin. Ós rud é go raibh siad ar réim shrianta, bhí na príosúnaigh sin glasáilte ina gcillíní go bunúsach ar feadh suas le 22 uair an chloig in aghaidh an lae. Chuir sé sin srian mór ar a gcumas chun rochtain a fháil ar ghníomhaíocht fhiúntach a bhfuil cuspóir léi. Rinneadh cur síos sna litreacha eile ar an dóigh a bhfuil an plódú príosúin agus an ganntanas foirne ag déanamh difear anois do chumas na bpríosúnach chun rochtain a fháil ar ghiomnáisiam an phríosúin go rialta.

7. Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí

Imeachtaí agus Comhairliúcháin le Geallsealbhóirí

Lean Oifig an Chigire Príosún uirthi ag obair in éineacht agus i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, le Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus le príomh-gheallsealbhóirí eile. Ar fud na bliana 2025, bhuail Oifig an Chigire Príosún le roinnt geallsealbhóirí chun tuairimí a mhalartú agus chun caidreamh a chothú. D'fhreastail siad freisin ar roinnt imeachtaí chun líonrú le geallsealbhóirí éagsúla agus chun caidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí nua.

Dáta	**Imeacht/Cruinniú**	**Láthair/Óstaigh**
28/01/2025	An tInnéacs um Shaol sa Phríosún a Chur i Láthair	Penal Reform International
29/01/2025	Grúpa Cur Chun Feidhme CORD	An tIdirphlé Taighde Oscailte ar an gCeartas Coiriúil
30/01/2025	Cruinniú ar Bheartas Sheirbhís Phríosúin na hÉireann maidir le Príosúnaigh Thrasinscneacha	Oifig an Chigire Príosún/Seirbhís Phríosúin na hÉireann
31/01/2025	Cruinniú de chuid an ghrúpa chomhairligh tionscadail le Comhairle na hEorpa, leis an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach (DG REFORM) agus le Sásra Náisiúnta Coisctheach na Cipire	Comhairle na hEorpa
05/02/2025 06/02/2025	Dul i ngleic leis an bplódú i bpríosúin Eorpacha: ról na Sásraí Náisiúnta Coisctheacha a threisiú maidir le cearta a chumhdach agus le formhaoirseacht éifeachtach a chinntiú	An Fóram Sásraí Náisiúnta Coisctheacha Eorpacha
18/02/2025	Cruinniú tionscnaimh leis an gCeann Faireacháin agus Comhlíonta nua do IHREC	IHREC
27/02/2025	Seoladh Ráiteas Straitéise IHREC 2025-2027	IHREC

04/03/2025	Cruinniú idir Enda O'Neill, Ceann Oifige, UNHCR Ireland, agus Oifig an Chigire Príosún	Oifig an Chigire Príosún
06/03/2025	Cruinniú maidir le Comhaontú Comhroinnte Sonraí	Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Oifig an Chigire Príosún, an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce
07/03/2025	Sonraí mar Spreagthach	An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce
13/03/2025	Aislingí Pionósacha, Réaltachtaí Pionósacha	Ionad na nÍosánach um Chreideamh agus Ceartas
14/03/2025	Grúpa Cur Chun Feidhme CORD	An tIdirphlé Taighde Oscailte ar an gCeartas Coiriúil
20/03/2025	Cruinniú idir Oifig an Chigire Príosún agus Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil	Oifig an Chigire Príosún
21/03/2025	Cruinniú idir Oifig an Chigire Príosún agus an Roinn Oideachais	Oifig an Chigire Príosún
30/03/2025	Cruinniú de chuid Ghrúpa Stiúrtha na gCeann Gníomhaireachta (OPCAT)	IHREC
08/04/2025	Painéil tionscadail agus nithe eile – Éire agus Comhairle na hEorpa	Comhairle na hEorpa
09/04/2025	10 mbliana den Traveller Justice Initiative a Cheiliúradh	Iontaobhas Fhaiche Stiabhna/Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil
10/04/2025	30 bliain d'Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil a Cheiliúradh	Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil
12/05/2025	Grúpa Cur Chun Feidhme CORD	An tIdirphlé Taighde Oscailte ar an gCeartas Coiriúil

14/05/2025	Cruinniú idir Oifig an Chigire Príosún agus Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil	Oifig an Chigire Príosún
14/05/2025	Cruinniú Gearán leis an Roinn Dlí agus Cirt (Rachel Woods, Mary O'Regan)	Oifig an Chigire Príosún
19/05/2025	Cruinniú de chuid an ghrúpa chomhairligh tionscadail le Comhairle na hEorpa, leis an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach (DG REFORM) agus le Sásra Náisiúnta Coisctheach na Cipire	Comhairle na hEorpa
21/05/2025	Formhaoirseacht ar Phríosúin: Cearta a Fheabhsú san Eoraip (POIRE)	Comhairle na hEorpa
22/05/2025	Cruinniú idir an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (PCSA) agus Oifig an Chigire Príosún	PCSA
23/05/2025	Cruinniú leis an bPaiteolaí Stáit	Paiteolaí Stáit
28/05/2025	Cruinniú le Phil Copple, HMPPS	Oifig an Chigire Príosún
30/05/2025	Cruinniú idir Oifig an Chigire Príosún agus an Roinn Oideachais	Oifig an Chigire Príosún
05/06/2025	An Fóram Sásraí Náisiúnta Coisctheacha – Faireachán ar Choinneáil Póilíní	Comhairle na hEorpa
06/06/2025	An Fóram Sásraí Náisiúnta Coisctheacha – Dul i ngleic le hordlathais neamhfhoirmiúla príosúnach	Comhairle na hEorpa
16/06/2025	Grúpa Cur Chun Feidhme CORD	An tIdirphlé Taighde Oscailte ar an gCeartas Coiriúil
09/07/2025	Cruinniú de chuid Ghrúpa Stiúrtha na gCeann Gníomhaireachta (OPCAT)	IHREC

10/07/2025	Cruinniú le Comhairle na hEorpa agus le We the People maidir leis an tairiscint cumarsáide don tionscadal	Comhairle na hEorpa
11/07/2025	Cruinniú le Comhairle na hEorpa agus le Katy Diggory agus le Sarah McKinley maidir leis an tairiscint cumarsáide don tionscadal	Comhairle na hEorpa
17/07/2025	Cruinniú le Comhairle na hEorpa agus le Quality Matters maidir le taighde don tionscadal	Comhairle na hEorpa
17/07/2025	Cruinniú le Comhairle na hEorpa chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tionscadal	Comhairle na hEorpa
18/07/2025	Cruinniú le IHREC maidir le Creat Cigireachta Oifig an Chigire Príosún	IHREC/Oifig an Chigire Príosún
20/08/2025	Imeacht Seolta Idirnáisiúnta – Deais Tuairiscithe Shásra Náisiúnta Coisctheach na Ríochta Aontaithe	Sásra Náisiúnta Coisctheach na Ríochta Aontaithe
03/09/2025	Cruinniú le Comhairle na hEorpa agus le sainchomhairleoirí We the People	Comhairle na hEorpa
22/09/2025	Cruinniú le Comhairle na hEorpa agus leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte, John Farrelly (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) agus an tOllamh Jim Lucey (Príomhchigire)	Comhairle na hEorpa
26/09/2025	Cruinniú le Comhairle na hEorpa agus leis an Dr Julia Kozma (Saineolaí de chuid Chomhairle na hEorpa agus comhalta den Fhochoiste chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach a Chosc (SPT))	Comhairle na hEorpa
30/09/2025	Cruinniú de chuid an Ghrúpa Chomhairligh maidir le Tionscadal OPCAT	Comhairle na hEorpa

02/10/2025	Cruinniú le Justin Keely, Coimisinéir an Gharda, le Shawna Coxon, Leas-Choimisinéir, agus le Paul Cleary, Leas-Choimisinéir Gníomhach	AGS
03/10/2025	Mná atá i gCeannas ar Athruithe sa Dlí agus sa Cheartas	Seirbhís Phríosúin na hÉireann
10/10/2025	Imeacht Ceiliúrtha Chomóradh Céad Bliain na gCoistí Cuairte Príosúin in Éirinn	AGS
14/10/2025	An tAosú sa Phríosún: Dúshláin a Thuiscint, Cearta a Urramú	Oifig an Chigire Príosún
16/10/2025	Cruinniú le hÉanna Rutherford (SOLAS) agus le Philip Larragy (Release)	Oifig an Chigire Príosún
21/10/2025	Grúpa Cur Chun Feidhme CORD	An tIdirphlé Taighde Oscailte ar an gCeartas Coiriúil
30/10/2025	Ceardlann ar Shásraí Náisiúnta Coisctheacha san Eoraip	LINC (KU Leuven) agus GREPEC (UCLouvain Saint-Louis Bruxelles)
05/11/2025	Cruinniú le Comhairle na hEorpa agus le We the People	Oifig an Chigire Príosún
06/11/2025	Cruinniú le Comhairle na hEorpa agus leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte	An Coimisiún Meabhair-Shláinte
10/11/2025	Cruinniú leis an gCoiste Eorpach chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc	Oifig an Chigire Príosún
10/11/2025	Cruinniú de chuid Ghrúpa Stiúrtha na gCeann Gníomhaireachta (OPCAT)	IHREC
10/11/2025	Cruinniú le Comhairle na hEorpa agus leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte	An Coimisiún Meabhair-Shláinte
11/11/0025	Cur i láthair na tuarascála ó CPT ar a chuairt ar Éirinn sa bhliain 2024	Comhairle na hEorpa/an tAontas Eorpach/Oifig an Chigire Príosún

11/11/2025	Imeacht Comhchéime maidir le Meabhairshláinte, le Cearta an Duine agus le Cailleadh Saoirse	Comhairle na hEorpa/an tAontas Eorpach/Oifig an Chigire Príosún/an Coimisiún Meabhair-Shláinte
12/11/2025	Cruinniú le Comhairle na hEorpa agus leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce	An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce
18/11/2025 – 20/11/2025	Ceardlann de chuid an Fhóraim Sásraí Náisiúnta Coisctheacha – Sásraí Náisiúnta Coisctheacha Éifeachtacha: Scileanna, Obair Foirne agus Straitéis a Neartú	Comhairle na hEorpa
02/12/2025	Seoladh na Tuarascála ar Dhul Chun Cinn sa Chóras Pionóis, 2024	Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil
08/12/2025 – 10/12/2025	Cuairt staidéir/scáthaithe piaraí ar Shásra Náisiúnta Coisctheach na Fraince (cigireachtaí ar shaoráidí coinneála póilíní)	Comhairle na hEorpa
10/12/2025	Seoladh na Tuarascála Taighde ó Fiosrú ar Atreoruithe Teagmhas Báis nó Díobhála Tromchúisí	Fiosrú

8. Faisnéis Chorparáideach

Iniúchóireacht

Sa bhliain 2025, rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha in Oifig an Chigire Príosún. Scrúdaíodh san athbhreithniú oibriú na rialuithe inmheánacha idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2024, agus rinneadh naoi (9) moladh ísealtosaíochta. Fuarthas amach in athbhreithniú leantach i mí na Samhna 2025 go raibh trí cinn de na moltaí curtha chun feidhme go hiomlán, go raibh dhá cheann (2) eile curtha chun feidhme go páirteach, agus go raibh obair ar siúl i ndáil leis na ceithre (4) mholadh eile a chur chun feidhme.

Nithe airgeadais

Cistítear Oifig na Cigireachta Príosún faoi Vóta an Dlí agus Cirt (Vóta 24), arb é Ard-Rúnaí na Roinne an tOifigeach Cuntasaíochta ina leith. Ba é €3.028 milliún an leithdháileadh buiséid don bhliain 2025.

Nochtadh Cosanta

Ós rud é go bhfuil an Chigireacht struchtúrtha faoi láthair mar ghníomhaireacht reachtúil neamhspleách atá faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt, cloíonn an Chigireacht le beartas na Roinne i ndáil le Nochtadh Cosanta faoi láthair. Ní bhfuair Oifig an Chigire Príosún aon Nochtaí Cosanta sa bhliain 2025.

An Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Tá Oifig an Chigire Príosún lántiomanta dá chinntiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí atá uirthi faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Aithníonn an Oifig an fhreagracht atá uirthi as an idirdhealú a dhíchur, as comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus as cearta an duine atá ag baill foirne earnála poiblí agus ag úsáideoirí seirbhíse a chosaint.

Comhordaíonn grúpa oibre Oifig an Chigire Príosún um an Dualgas Earnála Poiblí gníomhaíochtaí na hOifige maidir leis an Dualgas Earnála Poiblí agus formhaoirsíonn sé plean gníomhaíochta Oifig an Chigire Príosún maidir leis an Dualgas Earnála Poiblí. Déanann comhdhéanamh an ghrúpa oibre ionadaíocht leathan d'fheidhmeanna uile na hOifige, agus áirítear leis ionadaithe ón lucht ardbhainistíochta.

Tháinig an grúpa oibre le chéile naoi n-uaire sa bhliain 2025. Sna rannáin seo a leanas, déantar achoimre ar phríomh-aschuir an ghrúpa oibre sa bhliain 2025. Tá an t-eolas iomlán is deireanaí ar an dul chun cinn i gcomparáid leis an bplean gníomhaíochta ar fáil ar shuíomh Gréasáin Oifig an Chigire Príosún.

Oiliúint Foirne

Leagtar amach i nGníomh 4 den phlean gníomhaíochta go dtabharfaidh baill foirne Oifig an Chigire Príosún faoi oiliúint ar a n-oibleagáidí faoin Dualgas Earnála Poiblí agus go dtabharfaidh siad faoi oiliúint iomchuí chun deireadh a chur leis an idirdhealú agus chun comhionannas a chur chun cinn maidir le soláthar seirbhíse. Bhí oiliúint sa Dualgas Earnála Poiblí curtha i gcrích ag 79% den fhoireann ag deireadh na bliana 2025.

Ar fud na bliana, thug an fhoireann faoi oiliúint freisin ar raon topaicí a bhain leis an Dualgas agus le soláthar seirbhíse. Áiríodh leo sin: inrochtaineacht doiciméad, feasacht ar mhíchumas, cleachtas trámabhunaithe, agus oiliúint i gcearta an duine maidir le faireachán a dhéanamh ar mhná agus ar dhaoine LADTI+ in áiteanna coinneála.

D'fhorbair an grúpa oibre um an Dualgas Earnála Poiblí stór acmhainní oiliúna ar thopaicí um chearta an duine agus comhionannas atá ábhartha don Dualgas agus ar féidir leo tacú le cleachtais chigireachta agus imscrúdaithe agus bonn eolais a chur fúthu. Sa bhliain 2025, lean an grúpa oibre den stór sin a chothabháil agus a fhorbairt, agus acmhainní agus ábhair nua á gcur leis.

Uirlis Iniúchóireachta Beartais

D'fhorbair an grúpa oibre um an Dualgas Earnála Poiblí uirlis iniúchóireachta chun cabhrú le beartais agus buan-nósanna imeachta oibríochta a fhorbairt nó a athbhreithniú. Tá sé mar aidhm leis an uirlis sin treorú a dhéanamh ar an mbreithniú ar an gcaoi a bhféadfadh tionchar difreálach a bheith ag beartas nó ag nós imeachta ar ghrúpaí a léirítear leis na naoi bhforas idirdhealaithe a chumhdaítear faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, agus aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh den sórt sin ag céim luath den phróiseas dréachtaithe / athbhreithniúcháin. Tugadh láithreoireacht ar an uirlis iniúchóireachta don fhoireann ar fad i mí Mheán Fómhair 2025.

Díriú ar an Aosú sa Phríosún

I nGníomh 11 den phlean gníomhaíochta um an Dualgas Earnála Poiblí, tugadh breac-chuntas ar an tiomantas atá ag Oifig an Chigire Príosún d'iniúchadh a dhéanamh ar na saincheisteanna a ndéileálann daoine scothaosta i bpríosún leo, go háirithe maidir le míchumas a bhaineann le haois. Leagtar amach sa ghníomh gealltanas go ndéanfar cigireacht théamach ar an topaic sin. Bhí an réasúnaíocht ba bhun leis an gcigireacht théamach sin bunaithe ar shaincheisteanna a thug baill foirne Oifig an Chigire Príosún faoi deara le linn gníomhaíochtaí cigireachta agus trí imscrúduithe ar bhásanna faoi choimeád freisin.

Sa dara sé mhí den bhliain 2025, chuir Oifig an Chigire Príosún tús le hullmhúcháin do chigireacht théamach, rud a raibh comhoibriú trasfhoirne, taighde deisce, agus forbairt eolais i gceist leis.

I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'eagraigh an grúpa oibre imeacht geallsealbhóirí dar teideal *'An tAosú sa Phríosún: Dúshláin a Thuiscint, Cearta a Urramú'*. Bhí aoichainteoirí a raibh saineolas acu ar shláinte príosúin, ar fhaireachán príosúin, agus ar chearta an duine ina ngné den imeacht. Ina measc sin bhí an tUas. Enda Kelly, Bainisteoir Náisiúnta Altraí, Seirbhís Phríosúin na hÉireann; Áine Flynn, Stiúrthóir, an tSeirbhís Tacaíochta Cinntí, an Coimisiún Meabhair-Shláinte; an Dr Marie Brasholt, DIGNITY agus Fochoiste na Náisiún Aontaithe chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach a Chosc; agus rannchuidiú ó Ellen Graham Uas., Comhordaitheoir Rúnaíochta na Comhghuaillíochta Domhanda um Chearta Daoine Scothaosta. Bhí an t-imeacht ina dheis plé oscailte a dhéanamh, agus leagadh béim ann ar shaincheisteanna athfhillteacha maidir le cearta agus dínit na ndaoine scothaosta atá faoi choimeád.

An tEolas is Deireanaí ar an bPlean Gníomhaíochta um an Dualgas Earnála Poiblí a Fhoilsiú

Ar deireadh, i mí an Mheithimh 2025, thug an grúpa oibre um an Dualgas Earnála Poiblí an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn maidir lena phlean gníomhaíochta. Cuireadh achoimre le chéile ar na gníomhartha uile a ndearnadh dul chun cinn orthu nó a cuireadh i gcrích. Foilsíodh an achoimre sin

agus leagan nuashonraithe den phlean gníomhaíochta ar shuíomh Gréasáin Oifig an Chigire Príosún ansin.

Saoráil Faisnéise/An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Fuarthas ceithre iarraidh faoin Reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise le linn na bliana.

Ionracas san Áit Oibre

Tá Comhaontú Comhaltais um Ionracas san Áit Oibre i bhfeidhm ag an gCigireacht le Transparency International (Éire). Agus an comhaltas sin á choinneáil ar bun aici, aithníonn an Chigireacht a thábhachtaí atá áit oibre eiticiúil.

Oiliúint

D'fhreastail baill den fhoireann Cigireachta ar roinnt cúrsaí oiliúna le linn na bliana 2025, lenar áiríodh iad seo a leanas:

- Tús Eolais ar Chosaint Sonraí 2025, OneLearning
- Seimineár Gréasáin ar Oiliúint in Inrochtaineacht PDF, an Roinn Dlí agus Cirt
- Feasacht ar Thráma sa Phóilíneacht Túslíne, Police Oracle/Red Snapper Group
- Oiliúint d'Oifigigh Phríosúin Nua-Earcaithe, Seirbhís Phríosúin na hÉireann
- Agallóireacht Thrámabhunaithe, Freedom Lab
- Oiliúint i bhFeasacht ar Chibearshlándáil, an Roinn Dlí agus Cirt
- Faireachán a Dhéanamh ar Dhaoine LADTI+ atá faoi Choinneáil
- Oiliúint Thrámabhunaithe le Cigireacht na Roinne Oideachais
- Garchabhair Meabhairshláinte
- Oiliúint i mBásanna faoi Choimeád
- Oiliúint i bhFeasacht ar Mhíchumas, an tSeirbhís Phromhaidh
- Oiliúint ar Líne i bhFeasacht ar Mhíchumas

9. AGUISÍNÍ

Aguisín 1: Rialachas

Rialuithe Inmheánacha

Tá feidhm ag an bhforáil “comhlíonadh nó míniú” den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) maidir le hOifig na Cigireachta Príosún. Ós rud é go dtagann an Oifig faoin Vóta Dlí agus Cirt (Vóta 24) faoi láthair, níl a hAonad Iniúchóireachta Inmheánaí féin ná a Coiste Iniúchóireachta agus Riosca féin aici go fóill. Ní cheanglaítear uirthi go fóill Ráitis Airgeadais Bhliantúla a tháirgeadh ach oiread. Tá rochtain ag an Oifig ar fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Riosca na Roinne i ndáil le rialachas airgeadais. Tugann Aonad Bainistíochta Airgeadais na Roinne tuairisc ar ioncam agus caiteachas na hOifige sna tuairiscí míosúla bainistíochta uaidh. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go n-údaraítear caiteachas de réir bheartais agus nósanna imeachta na Roinne. Comhlíonann an Oifig a hoibleagáidí faoin dlí cánach.

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí Éireannach cistí poiblí a úsáid go cúramach agus a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr is féidir ar airgead nuair a bhíonn airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú. Is é atá sa Chód Caiteachais Phoiblí an tacar rialacha agus nósanna imeachta lena gcinntítear go seastar leis na caighdeáin sin ar fud sheirbhís phoiblí na hÉireann. Chloígh Oifig an Chigire Príosún leis na gnéithe iomchuí eile den Chód Caiteachais Phoiblí.

Ceanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 go soláthrófaí Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha. Tá feidhm ag an Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha maidir leis na rialuithe uile atá ar bun in Oifig an Chigire Príosún, lena n-áirítear nithe TFC. Dheimhnigh an Rannán Bainistíochta Faisnéise agus Teicneolaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt go bhfuil rialuithe leordhóthanacha TFC i bhfeidhm, mar atá leagtha amach i Ráiteas Urrúis, agus go bhfuil siad ag oibriú go héifeachtach, de réir mar is fearr is eol dó agus a chreideann sé.

Coimeádann Oifig na Cigireachta Príosún Clár Rioscaí, rud a choinnítear faoi athbhreithniú leantach. Leagtar amach sa Chlár sin na rialuithe atá i bhfeidhm faoi láthair chun rioscaí a mhaolú agus na gníomhartha atá ar bun chun rialuithe a fheabhsú. Tugadh leaganacha nuashonraithe den Chlár Rioscaí don Roinn Dlí agus Cirt le linn na bliana 2025.

Ba de réir na dtreoirlínte soláthair phoiblí a rinneadh an ghníomhaíocht soláthair a ghabh an Oifig de láimh sa bhliain 2025.

Socruithe Formhaoirseachta

Leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”) na caighdeáin bhunúsacha rialachais ar cheart do gach Comhlacht Stáit cloí leo. Tá an Chigireacht láneolach ar a cuid freagrachtaí faoin gCód. I mí Iúil 2025, síníodh Comhaontú Formhaoirseachta nua idir Oifig an Chigire Príosún agus an Roinn Dlí agus Cirt, a bhí in éifeacht go dtí an 31 Nollaig 2025.

Comhaontú Feidhmíochta

I mí Iúil 2025, síníodh “Comhaontú Soláthar Feidhmíochta” nua idir Oifig na Cigireachta Príosún agus an Roinn Dlí agus Cirt. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil i d**Táblaí 9 agus 10**.

Tábla 9: Spriocanna an Chomhaontaithe Feidhmíochta

Réimse aschuir nó tionscnamh	Méadracht	Cuspóir straitéiseach gaolmhar	Sprioc 2025	Toradh 2025	Barúil
Cigireacht Príosún	An % de na príosúin in Éirinn a mbeidh cigireachtaí ginearálta iomlána déanta orthu faoi dheireadh na bliana 2025 (is í 2022 an Bhonnbhliain le haghaidh comparáide)	1, 3	**85%**	**84%**	
Cigireacht Príosún	An meán-aga idir cigireachtaí neamhfhógartha iomlána ar gach príosún	1,3	**3 Bliana**	**Níos lú ná 3 bliana do Phríosún Mhuinseo agus do Phríosún Chnoc Seimre (ar an mbóthar ceart)**	
Cigireacht Príosún	An % de thuarascálacha ar chigireachtaí na bliana 2025 a seoladh chuig Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann laistigh de 6 mhí ar a mhéad ó dheireadh na cigireachta lena mbaineann		**50%**	**0%**	

Imscrúduithe ar Bhásanna faoi Choimeád	An laghdú, arna shloinneadh mar %, sa líon tuarascálacha imscrúdaithe maidir le básanna faoi choimeád a bhí fós amuigh níos mó ná 2 bhliain tar éis an bháis lena mbaineann		**50%**	**64%**	
Imscrúduithe ar Bhásanna faoi Choimeád	An % de thuarascálacha imscrúdaithe nua (ó mhí Iúil 2025 ar aghaidh) maidir le básanna faoi choimeád a cuireadh i gcrích laistigh de shé mhí ón mbás lena mbaineann		**25%**	**0%**	
Litreacha a fháil ó phríosúnaigh faoi Riail 44 de Rialacha na bPríosún	An céatadán de phíosaí comhfhreagrais a fuarthas ó phríosúnaigh faoi Riail 44 ar admhaíodh laistigh de chúig lá oibre go bhfuarthas iad		**100%**	**97.56%**	
Litreacha a fháil ó phríosúnaigh faoi Riail 44 de Rialacha na bPríosún	An céatadán de fhreagraí deiridh a eisíodh laistigh de 20 lá oibre		**100%**	**97.56%**	
Athbhreithniú ar ghearáin príosúnach Chatagóir A	An céatadán de ghearáin Chatagóir A a ndearnadh athbhreithniú orthu laistigh de 20 lá ó iad a fháil		**100%**	**100%**	

Tábla 10: Spriocanna agus Torthaí Eile don bhliain 2024

Réimse aschuir nó tionscnamh	Sprioc agus Creat Ama (Ráithe)	Cuspóir straitéiseach gaolmhar
Agus leas á bhaint as saineolas gairmiúil seachtrach cuí, teacht ar na costais iomlána a bhaineann leis na hacmhainní daonna agus airgeadais breise a theastaíonn ó Oifig an Chigire Príosún chun gur féidir léi na feidhmeanna atá aici mar Chigireacht Áiteanna Coinneála (Oifig na Cigireachta Áiteanna Coinneála) a ghabháil uirthi féin	Tá sé le tosú sa chéad ráithe den bhliain 2026	2.2/3.2
Creat nua a fhorbairt le haghaidh faireachán a dhéanamh ar choinneáil ag an nGarda Síochána, i gcomhairle leis an nGarda Síochána agus le geallsealbhóirí iomchuí eile	Tionscnaíodh é sa cheathrú ráithe den bhliain 2025 agus tá sé le cur i gcrích sa dara ráithe den bhliain 2026	2.3
Plean straitéiseach nua Oifig an Chigire Príosún a chur i gcrích	Rinneadh é a chur i gcrích agus a fhoilsiú sa cheathrú ráithe den bhliain 2025	3.1-3.4
Córas Bainistíochta Cásanna nua a chur chun feidhme d'Oifig an Chigire Príosún	Tá sé le tosú sa chéad ráithe den bhliain 2026	3.2

Ráiteas Aeráide

Forbhreathnú

Sa bhliain 2024, dhréachtaigh Oifig an Chigire Príosún a Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide agus chuir sí faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt é.

Dréachtaíodh an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide i gcomhréir leis an leagan nuashonraithe den Sainordú Earnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide, a foilsíodh sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 i mí na Nollag 2023.

Is é cuspóir an Treochláir um Ghníomhú ar son na hAeráide ná fís straitéiseach, comhordú, eagrú agus slógadh a sholáthar don Chigireacht maidir leis na dualgais aeráide earnála poiblí atá uirthi. Dréachtaíodh an Treochlár i gcomhréir leis an Straitéis Earnála Poiblí um Ghníomhú ar Son na hAeráide 2023-2025 agus leis an treoir maidir le Treochláir um Ghníomhú ar son na hAeráide ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).

Déanfar an Treochlár a athbhreithniú sa bhliain 2026 i gcomhréir le hathbhreithniú bliantúil ar an Sainordú Earnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Ráiteas ón Lucht Ardbhainistíochta

Tá freagracht ar Oifig an Chigire Príosún, mar Chomhlacht Earnála Poiblí, as a cion féin a dhéanamh i gcur chuige uile-Rialtais i leith dul i ngleic leis na bagairtí a chruthaíonn an t-athrú aeráide. Tá gá le tiomantas comhchoiteann agus le gníomhaíocht nithiúil chun na fíordhúshláin atá romhainn a chomhrac agus a mhaolú. Déanfaidh an Fhoireann Ardcheannaireachta na gníomhartha atá leagtha amach laistigh dár dTreochlár a threorú agus a chur chun cinn go gníomhach agus infheisteoimid an t-am agus na hacmhainní is gá chun a chinntiú gur féidir na gealltanais atá leagtha amach sa doiciméad seo a chur i ngníomh agus a chur chun feidhme go rathúil.

An Fhoireann Ardcheannaireachta, Oifig an Chigire Príosún

Caidreamh leis an bhFoireann

Sa bhliain 2024, d'ainmnigh Oifig an Chigire Príosún Curadh Aeráide agus Inbhuanaitheachta ag leibhéal an lucht ardbhainistíochta agus bhunaigh sí Foireann Ghlas le hionadaithe ó na heagraíochtaí éagsúla.

Rachaidh baill foirne na Cigireachta faoi oiliúint aeráide agus inbhuanaitheachta chun cur leis an eolas atá ar fáil ar fud na heagraíochta.

Tuairisciú

Rinne an Chigireacht a cóiríocht a leathnú le linn na bliana 2025, agus tá socruithe á ndéanamh chun bonnlíne nua a ríomh chun críocha tuairiscithe sna blianta amach romhainn.

Tá teagmháil ar bun idir Oifig an Chigire Príosún agus SEAI agus tuairiscíonn sí isteach san ardán Monatóireachta agus Tuairiscithe Earnála Poiblí de chuid SEAI.

Gníomhartha Inbhuanaitheachta ar tugadh fúthu sa bhliain 2025

- Cuireadh Critéir inbhuanaitheachta le próisis soláthair;
- Scoireadh de phlátaí, cupáin agus sceanra indiúscartha a úsáid in oibriú laethúil na hoifige Cuireadh deireadh go forásach le míreanna aonúsáide a úsáid le linn imeachtaí/cruinnithe.

Aguisín 2: Fógra Reachtúil Imní

Oifig An Chigire Príosún
Office of the Inspector of Prisons

FÓGRA REACHTÚIL IMNÍ – ALT 31(1)(c), ACHT NA bPRÍOSÚN 2007

Ó:	**Mark KELLY, an Príomhchigire Príosún**
CHUIG:	**Caron McCAFFREY, Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann**
DÁTA:	**18 Samhain 2025**
TAGAIRT:	**OIP/SN/DC/1/2025**
ÁBHAR:	**CIGIREACHT A CHUR AR FIONRAÍ**

Foráiltear le halt 31(1)(c) d'Acht na bPríosún 2007, go bhféadfaidh an Príomhchigire Príosún, i gcúrsa cigireachta, nó de thoradh cigireachta, aon saincheisteanna ar cás leis nó léi iad a thabhairt ar aird do Rialtóir an Phríosúin lena mbaineann, d'Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, nó don Aire nó do gach duine acu, de réir mar is cuí leis an bPríomhchigire.

I gcúrsa na cigireachta téamaí reatha ar an gcaoi a gcaitear le daoine scothaosta i bpríosún, bhí Oifig an Chigire Príosún thíos le hiarrachtaí cur isteach ar neamhspleáchas oibríochtúil a foirne cigireachta i bPríosún an Láir Tíre, i bPríosún Phort Laoise agus in Ionad Dóchas, Baile Átha Cliath.

Tar éis iarrachtaí cur isteach ar neamhspleáchas oibríochtúil na foirne cigireachta i bPríosún an Láir Tíre an 13 Samhain agus an 14 Samhain 2025, scríobh an Príomhchigire Príosún chuig Rialtóir Phríosún an Láir Tíre, agus Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann á chóipeáil isteach, chun an tsaincheist imní seo a thabhairt ar aird dóibh (cf. tá an litir ceangailte leis an bhFógra Reachtúil seo).

Ar an drochuair, rinneadh tuilleadh iarrachtaí cur isteach ar neamhspleáchas oibríochtúil na foirne cigireachta in Ionad Dóchas an 18 Samhain 2025, rud a d'fhág gur eisigh an Príomhchigire an Fógra Reachtúil Imní seo a leanas.

Oifig an Chigire Príosún, 29 Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2, D02 PF82
Office of the Inspector of Prisons, 29 Molesworth Street, Dublin 2, D02 PF82

FÓGRA REACHTÚIL IMNÍ
ALT 31(1)(c), ACHT NA bPRÍOSÚN 2007

Ag féachaint d'alt 31(1)(c) d'Acht na bPríosún 2007, tugaimse, mar Phríomhchigire Príosún, fógra foirmiúil leis seo d'Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann:

- **Gur mar gheall ar threoracha a d'eisigh Stiúrthóir Oibríochtaí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann chuig Rialtóir Phríosún an Láir Tíre, chuig Rialtóir Phríosún Phort Laoise, agus chuig Rialtóir Ionad Dóchas, Baile Átha Cliath, a cuireadh bac ar neamhspleáchas oibríochtúil Oifig an Chigire Príosún:**

    - **trí iarracht a dhéanamh coinníollacha gan fasach agus gan údar a fhorchur ar shaoirse gluaiseachta bhaill na foirne cigireachta laistigh de na príosúin lena mbaineann.**

- **Gurb amhlaidh, mar thoradh ar an iarracht sin coinníollacha gan fasach agus gan údar a fhorchur ar shaoirse gluaiseachta bhaill na foirne cigireachta laistigh de na príosúin lena mbaineann, atá cinneadh foirmiúil déanta agam an chigireacht théamach reatha ar an gcaoi a gcaitear le daoine scothaosta i bpríosún a chur ar fionraí.**

- **Go mbeidh an chigireacht reatha fós ar fionraí go dtí go bhfaighidh mise, mar Phríomhchigire Príosún, dearbhú foirmiúil i scríbhinn thar ceann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann go n-urramófar neamhspleáchas oibríochtúil Oifig na Cigireachta Príosún go hiomlán le linn na cigireachta seo, agus le linn gach cigireachta amach anseo. Ba cheart ráiteas gan débhrí a bheith ar áireamh ann á rá nach bhféachfaidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann le ceanglas a fhorchur ar bhaill foirne cigireachta go ndéanfar iad "a thionlacan" agus iad ag comhlíonadh a ndualgas reachtúil.**

Ag féachaint d'alt 31(1)(c) d'Acht na bPríosún 2007, forchoimeádaim an ceart chun leibhéal an Fhógra Reachtúil Imní seo a ghéarú tuilleadh mura réitítear an cás seo.

Arna dhéanamh i mBaile Átha Cliath, an 18 Samhain 2025



Mark Kelly
An Príomhchigire Príosún

Oifig an Chigire Príosún, 29 Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2, D02 PF82
Office of the Inspector of Prisons, 29 Molesworth Street, Dublin 2, D02 PF82